# Coláiste na hOllscoile, Corcaigh
# Ollscoil na hÉireann, Corcaigh

## Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite

## An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016

**CLÁR ÁBHAR**


| | Leathanach |
|---|---|
| TUARASCÁIL AN CHISTEORA OINIGH | 2 - 4 |
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOMHLACHTA CEANNAIS | 5 |
| TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA | 6 - 7 |
| RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH 2015/16/ | 8 - 14 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH | 15 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ | 16 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR STAID AIRGEADAIS | 17 |
| RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID | 18 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 19 - 41 |
| RÁITEAS CISTIÚCHÁIN AN ÚDARÁIS UM ARD-OIDEACHAS AGUS RÉITEACH AN RÁITIS CHISTIÚCHÁIN | 44 - 61 |

## TUARASCÁIL AN CHISTEORA OINIGH AR NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2016

**Leagan Amach na gCuntas – Nóta Míniúcháin**

Sa bhliain 2016, ghlac an Ollscoil Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) le haghaidh ullmhú a ráiteas airgeadais reachtúil, faoi mar a rinne an chuid eile den earnáil Ardoideachais. De bhreis air sin, ghlac an earnáil go deonach an Ráiteas ar Chleachtas Molta - Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna eisiúint ag an Higher Education / Further Education SORP Board.

Dá bhrí sin, tá an bhliain 2016 ar an gcéad bhliain ina ndearnadh tuairisciú den sórt sin, agus é ag teacht in ionad an chleachtais chuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn. Dá bharr sin, rinneadh na coigeartuithe riachtanacha agus caitheadh ar bhealach eile le hidirbhearta áirithe ó thaobh na cuntasaíochta de. Mar thoradh ar ghlacadh FRS 102, athluadh an fheidhmíocht sa bhliain 20. Rinneadh athruithe ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach agus ar an Ráiteas ar Staid Airgeadais. Baineann athrú tábhachtach a tháinig isteach de bharr FRS 102 le haithint ioncaim agus leis an dóigh a gcaitear le deontais chaipitil iarchurtha, rud a d'fhéadfadh luaineacht a chruthú amach anseo i bhfeidhmíocht fhoriomlán na hOllscoile.

De bhreis air sin, leanann an Ollscoil ar aghaidh ag ullmhú sraith ráiteas airgeadais don Údarás um Ard-Oideachas. Ullmhaítear iad ar bhonn comhchuibhithe arna cheadú ag an Údarás. Cuirtear Ráitis Chistiúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas mar aguisín leis na cuntais reachtúla chomhdhlúite, mar aon le réiteach an dá leagan amach.

Rud eile a rinneadh sa bhliain 2016 is ea gur chomhdhlúthaigh an Ollscoil a Ciste Iontaobhais den chéad uair riamh. Cé gurbh amhlaidh i mblianta roimhe seo gur cuireadh an Ciste Iontaobhais ar áireamh mar chuid de na nótaí nochta amháin, is amhlaidh ón mbliain 2016 ar aghaidh go gcuirfear an Ciste ar áireamh mar chuid de na ráitis iad féin.

Is é an glantoradh atá ar na nithe thuas ná go mbeidh difríochtaí ann ar fud na ráiteas. Pléifear iad tuilleadh thíos.

**Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach**

Is ionann an t-ioncam iomlán roimh dhearlaicí agus roimh shíntiúis agus €345.3m, figiúr atá €16.6m/5% níos airde ná an bhliain roimhe. Is iad na príomhnithe atá taobh thiar den ghluaiseacht €16.6m ná méaduithe i dTáillí Acadúla (méadú €8.9m) agus i dTaighde (méadú €5.8m) agus ioncam aonuaire €1.6m a bhaineann le díol rathúil an chothromais in iar-mhac-chuideachta de chuid UCC. De bhreis air sin, is amhlaidh, mar thoradh ar chomhdhlúthú an Chiste Iontaobhais den chéad uair riamh sa bhliain 2015/16, gur cuireadh €1.4m leis an bhfeidhmíocht fhoriomlán agus cuireadh ar áireamh é sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach. Mar thoradh air sin, is é barrachas €562,000 an glantoradh don bhliain.

Is ionann an t-ioncam ó oibríochtaí (arna choigeartú le haghaidh ioncam pinsean iarchurtha - nóta 32) agus €316.3m, figiúr atá cothrom le méadú €18.2m (6%) i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Is feidhmíocht réasúnta maith í sin ós rud é go mbíonn an t-ioncam ó Dheontais Stáit ag leanúint ar aghaidh ag laghdú.

Leanann an t-ioncam taighde ar aghaidh ag dul suas agus mhéadaigh sé ó bhliain go bliain faoi €5.8m. Mar an gcéanna, mhéadaigh ioncam oibriúcháin eile sa bhliain faoi €3.3m. Fuarthas ranníocaíochtaí dearfacha ó árais chónaithe mac léinn agus ó ghníomhaíochtaí spóirt.

Is ionann caiteachas (arna choigeartú le haghaidh choigeartú pinsin FRS 102) agus €316.3m, figiúr atá cothrom le méadú €10.8m. Léiríonn sé sin an leibhéal méadaithe gníomhaíochta taighde agus an costas gaolmhar a ghabhann leis agus costais phá níos airde chun tacú leis an líon méadaithe mac léinn ar mhaithe le creidiúnú agus nochtadh cáilíochta a íoslaghdú.

Mhéadaigh costais neamhphá faoi €1.4m mar thoradh ar an laghdú i mionairgead caipitil ón státchiste, nach mór an chuid ar fad de a chistiú ó acmhainní dílse na hOllscoile.

Fágann na nithe thuas gurb ionann agus €14.5m an tuilleamh roimh dhímheas, ús, cáin agus amúchadh (EBITDA). Is feabhsú suntasach é sin ar an bhfeidhmíocht sa bhliain roimhe, agus é brúite chun cinn ag ioncam níos airde ó tháillí acadúla agus ag fáltais ó chothromas i mac-chuideachtaí.

**Caiteachas Caipitil**

Tháinig moilliú ar an bhfás in eastát fisiciúil na hOllscoile sa bhliain 2015/16, rud a léirigh cur i gcrích infheistíocht deiridh PRTLI 15. Mar thoradh air sin, bhí na hollbhreiseanna sa bhliain €23m níos ísle ná an bhliain roimhe.

Is é an toradh atá ar an aistriú chuig tuairisciú FRS 102 go bhfuiltear ag scaoileadh deontais neamh-státchiste, a iarchuireadh roimhe, chuig cúlchistí ar aon dul leis an Ráiteas ar Chleachtadh Molta don earnáil. Mar thoradh air sin, aistríodh cúlchistí neamhshrianta tosaigh go €229.4m

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
**Ollscoil na hÉireann, Corcaigh**

**TUARASCÁIL AN CHISTEORA OINIGH**
**AR NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2016**

Leanann an Ollscoil ar aghaidh ag baint tairbhe as gníomhaíochtaí cruinnithe airgid Fhondúireacht Ollscoile Chorcaí Teoranta. Arís, is mian liom a chur in iúl go bhfuil an Ollscoil buíoch as an tacaíocht seo, rud atá de dhíth uirthi ionas gur féidir léi leanúint ar aghaidh le forbairt bhunriachtanach a bonneagair.

**Deontas Stáit**

Sa bhliain faoi athbhreithniú, fuarthas ranníocaíocht €43.3m ón Deontas Stáit, i gcomparáid le €44.3m sa bhliain roimhe agus le buaic €94m sa bhliain 2009. Cé go bhfuil téarnamh tagtha ar an airgeadas poiblí, bítear ag laghdú fós ar an tacaíocht fhoriomlán atá an Státchiste ag tabhairt don earnáil, cé go mbíonn an t-éileamh agus an rannpháirtíocht ag méadú. De bhreis air sin, níl an cistiú imfhálaithe státchiste le haghaidh Cláir Altranais, Oideachais Leighis agus Scileanna ag méadú de réir mar a mhéadaíonn an líon mac léinn. Maidir leis an Deontas Stáit, a bhíodh ar an bpríomhfhoinse d'ioncam na hOllscoile tráth, tá sé freagrach as 12.5% den ioncam iomlán anois mar thoradh ar an laghdú atá tagtha air ón mbliain 2009 i leith. B'ionann é agus 13.5% an bhliain roimhe. Meastar go leanfaidh an treocht sin ar aghaidh in éagmais aon chinnteachta faoin tsamhail chistiúcháin a úsáidfear don earnáil sa todhchaí. Chun cúiteamh a dhéanamh, leanann an Ollscoil ar aghaidh ag éagsúlú agus ag fás foinsí ioncaim neamh-státchiste.

**Táillí**

Mhéadaigh an t-ioncam ó tháillí sa bhliain 2015/16 faoi €8.8m/7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. B'ionann é agus €134m, figiúr atá cothrom le 38% den ioncam iomlán. Faoin "tionscnamh táillí in aisce" atá á reáchtáil ag an Rialtas, is é an Stát a íocann as táillí i leith mic léinn fochéime lánaimseartha ó thíortha san Aontas Eorpach. B'ionann an deontas seo in ionad táillí agus €42.2m nó 31.5% den ioncam ó tháillí don bhliain 2015/16. Ba ón ranníocaíocht mac léinn, ó tháillí iarchéime agus ó ioncam méadaithe ó mhic léinn nach as an Aontas Eorpach dóibh a fuarthas an chuid eile den ioncam ó tháillí. Leanann an Ollscoil ar aghaidh ag brath go mór ar an bhfoinse ioncaim sin chun cúiteamh a dhéanamh ar an laghdú leanúnach i dtacaíocht stáit don Ollscoil.

**Ioncam Taighde**

Mhéadaigh ioncam taighde le linn na bliana go €94.5m, rud a bhí cothrom le méadú €5.8m/6.5% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. D'eascair sé sin go príomha as an méadú ar chistiú do lárionaid taighde. Leanann an Ollscoil ar aghaidh ag éagsúlú a foinsí cistiúcháin taighde chun a chinntiú go mbíonn cáil uirthi sa réimse seo. Tá ioncam taighde neamh-státchiste freagrach anois as €30m/32% den ioncam taighde iomlán. Chomh maith leis sin, b'airde ná sna blianta roimhe an taighde iomaíoch ar dhámh an tionscal é. Is é Fondúireacht Eolaíochta Éireann a dhéanann an ranníocaíocht is mó le taighde ar fud na hOllscoile.

Tá an toradh sin ann mar thoradh ar an dúthracht agus an tiomantas a thaispeánann líon ard ball foirne acadúil, a ghineann an t-ioncam seo mar phríomh-imscrúdaitheoirí. Is ar bhonn fíor-iomaíoch anois a thuilltear ioncam den sórt sin. Go dtí seo, tá ag éirí le UCC ón mbliain 2012/13 i leith sna dámhachtainí iomaíocha do chlár cistiúcháin Lárionad Taighde Fhondúireacht Eolaíochta Éireann. Beidh an Ollscoil in iomaíocht sa chéad bhabhta eile de Chistiú Lárionad Taighde sa bhliain 2018. Tá sé ríthábhachtach go n-éiríonn linn sa bhabhta seo chun an infheistíocht atá déanta ag an Ollscoil sna réimsí taighde sin go dtí seo a chothú.

Tá an t-ioncam forchostais a fhaightear ó ghníomhaireachtaí cistiúcháin faoi bhun tagarmharcanna idirnáisiúnta agus leanann sé ar aghaidh ag cur brú ar airgeadas foriomlán na hOllscoile. Sa bhliain 2015/16, b'ionann na forchostais a tuilleadh ó thaighde agus €14.2m/15% den ioncam taighde díreach. Ar ndóigh, ní inbhuanaithe atá an leibhéal forchostais sin. Tá an tionscadal náisiúnta Costála Eacnamaíche

Iomláine ar bun chun aghaidh a thabhairt ar an easnamh forchostais. Comhordaíonn Cumann Ollscoileanna Éireann é agus cistítear é le Timthriall 2 den Chiste Nuálaíochta Straitéiseach. Is é atá i gceist leis go n-oibríonn na 7 n-ollscoil uile le chéile chun a chinntiú go bhfuil próiseas éifeachtach iniúchóireachta ann chun a thaispeáint cad é an fíorchostas a bhaineann le taighde a óstáil, agus é mar aidhm aige sa deireadh forchostas a léiríonn fíorchostas an taighde a aisghabháil ó ghníomhaireachtaí cistiúcháin, ar aon dul le noirm idirnáisiúnta.

**Clár Comhardaithe**

Is é an toradh atá ar FRS 102 a chur chun feidhme go ndearnadh athrú tábhachtach ar thuairisciú ar chúlchistí. Tá cúlchistí ioncaim iomlána roinnte anois ina gcúlchistí srianta agus ina gcúlchistí neamhshrianta, ar aon dul le tuairisciú faoin Ráiteas ar Chleachtadh Molta. Baineann na cúlchistí srianta de €10.2m leis an gCiste Iontaobhais mar a bhfuil feidhmiú na gcistí srianta chuig rúin an tsíntiúsóra bhunaidh.

Is ionann cúlchistí neamhshrianta agus €232m. Cuirtear ar áireamh sa tsuim sin an glanbharrachas Ioncaim Chuimsithigh don bhliain agus gluaiseacht FRS 102 ar dheontais chaipitil neamh-státchiste, a cuireadh ar áireamh i nDeontais Chaipitil Iarchurtha roimhe sin.

## TUARASCÁIL AN CHISTEORA OINIGH AR NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE - AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2016

Rud atá ina dhúshlán mór fós is ea bainistíocht cistíochta mar gur chun deiridh ar an gcaiteachas iarbhír atá uainiú na bhfáltas státchiste le haghaidh ioncam athfhillteach ó tháillí. De bhreis air sin, tá tionscadail cheadaithe PRTLI 5 le forchúiteamh go hiomlán leis an Ollscoil go fóill. Bhí breis agus €4m dlite ón Stát ag deireadh na bliana 2015/16.

Fágann bainistíocht stuama féichiúnaithe gurb ionann staid airgid na hOllscoile agus an staid sa bhliain roimhe. Mar sin féin, leanann an staid airgid ar aghaidh ag baint tairbhe as an ngníomhaíocht mhéadaithe taighde agus as uainiú na bhfáltas taighde ar conradh. Dá laghdófaí an taighde, bheadh drochthionchar ann ar staid airgid na hOllscoile.

Tá féichiúnaithe ó bhliain go bliain cothrom le leibhéil na bliana seo caite fós agus tá creidiúnaithe níos airde mar go n-áirítear leo anois deontais chaipitil iarchurtha, a léiríodh ar leithligh roimhe sin.

Agus iad cothrom le €48.8m, tá iasachtaí bainc iomlána cobhsaí fós. Mar sin féin, meastar go mbeidh méadú orthu sna blianta atá le teacht de bharr chlár caiteachais chaipitil na hOllscoile faoin mBanc Eorpach Infheistíochta.

### Pinsean

Sa bhliain 2010, aistríodh ciste pinsean UCC chuig an Stát, faoi mar a leagtar amach sa reachtaíocht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha). Ó mhí an Mhárta 2010 i leith, is é an Stát atá freagrach as an dliteanas pinsin.

Tá mionsonraí faoi sheasamh na hOllscoile i dtaca leis an ní sin leagtha amach i nóta nochta 32.

### Achoimre

Bliain rathúil eile don Ollscoil a bhí sa bhliain 2015/16. Lean an líon mac léinn fochéime agus iarchéime ar aghaidh ag fás, d'ainneoin na ndeacrachtaí cistiúcháin atá ann ar leibhéal náisiúnta.

Lean an t-ioncam taighde ar aghaidh ag éagsúlú agus ag fás, rud a chuir feabhas breise ar cháilíocht fhoriomlán an oideachais a thairgtear do mhic léinn.

D'ainneoin na n-éachtaí acadúla agus taighde a baineadh amach, áfach, bagairt ar inbhuanaitheacht san fhadtéarma is ea an cliseadh ar leibhéal náisiúnta samhail agus leibhéal cuí cistiúcháin a chomhaontú don earnáil Ollscoile.

San fhadtéarma, beidh an laghdú i dtacaíocht caipitil ina mórúdar imní fós, mar a luadh anuraidh. Sa tsamhail reatha chistiúcháin athfhilltigh, táthar ag déanamh talamh slán de thacaíocht leantach ón státchiste do riachtanais leanúnacha ó thaobh athchóirithe, cothabhála agus acmhainn bonneagair de. Mura mbíonn na deontais chaipitil ann, rachfar i bhfeidhm go mór ar an éileamh déimeagrafach sa todhchaí a chomhlíonadh. Is amhlaidh sin mar nach ndéanfaidh an leibhéal cistiúcháin athfhilltigh do mhic léinn, rud a mheasann gach duine a bheith míchuí ar fad, na hiasachtaí a theastaíonn chun infheistíocht i mbonneagar bunriachtanach a chistiú a chothú.

Teastaíonn samhail nua inbhuanaithe chistiúcháin don earnáil go práinneach chun cur ar chumas UCC a ról a chomhlíonadh maidir le tacú le forbairt eacnamaíoch, chultúrtha agus shóisialta an réigiúin agus shochaí na hÉireann. Táimid ar bís ag fanacht le breithniú deiridh an Rialtais ar Thuarascáil an tSainghrúpa ar Chistiú Earnáil an Ardoideachais.



An Dr Dermot O'Mahoney
Cisteoir Oinigh

Dáta: 19/09/2017

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ AN CHOMHLACHTA CEANNAIS

Ceanglaítear ar an gComhlacht Ceannais cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas cuí agus iondúil a choinneáil ar an airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé i cibé foirm a fhaomhfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas.

Tá freagracht ar an gComhlacht Ceannais as a chinntiú go dtugtar sna ráitis airgeadais do gach bliain airgeadais léargas fírinneach cóir ar staid ghnóthaí na hOllscoile agus ghrúpa na hOllscoile agus barrachas nó easnamh ghrúpa na hOllscoile don tréimhse.

Maidir leis na ráitis airgeadais sin a ullmhú, ceanglaítear ar an gComhlacht Ceannais:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- aon imeacht ábhartha ó na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme a nochtadh agus a mhíniú; agus
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Ollscoil ag feidhmiú.

Tá an Comhlacht Ceannais freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hOllscoile agus lena gcuirtear ar a chumas a chinntiú go gcloíonn a ráitis airgeadais le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus leis an Ráiteas ar Chleachtas Molta Cuntasaíochta d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais agus go n-ullmhaítear iad de réir FRS 102 - "An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann".

Tá an Comhlacht Ceannais freagrach as a chinntiú go ndéantar gnó na hOllscoile ar bhealach cóir agus rialta agus as gach sócmhainn atá faoina rialú oibriúcháin a chosaint agus, ar an ábhar sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Sínithe thar ceann an Chomhlachta Ceannais:

| | |
|---|---|
| **Uachtarán** | **Uachtarán Chomhlacht Ceannais UCC** |

Dáta: 19/09/2017

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHLACHT CEANNAIS CHOLÁISTE NA HOLLSCOILE, CORCAIGH**

Tá iniúchadh déanta againn ar ráitis airgeadais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh (an "Ollscoil"), don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Cuimsíonn na ráitis airgeadais an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas Comhdhlúite agus Ollscoile ar Athruithe i gCúlchistí, an Clár Comhardaithe Comhdhlúite agus Ollscoile, an Ráiteas Comhdhlúite ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara 1 go 36. Is é an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais a úsáideadh le linn ullmhú na ráiteas ná Acht na nOllscoileanna, 1997, FRS 102 - *An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann, agus an Ráiteas ar Chleachtas Molta* ("SORP") - *Cuntasaíocht d'Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais* arna ghlacadh go deonach ag an Ollscoil ('an creat ábhartha tuairiscithe airgeadais').

Déantar an tuarascáil seo do chomhaltaí Chomhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, amháin. Thugamar faoinár n-obair iniúchóireachta chun go bhféadfaimis tuairisc a thabhairt do chomhaltaí an Chomhlachta Ceannais ar na hábhair sin a gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt dóibh orthu inár dtuarascáil iniúchóirí, agus ní ar chúis ar bith eile. A mhéid a cheadaítear le dlí, ní ghlacaimid le freagracht d'aon duine ná ní ghabhaimid aon fhreagracht orainn féin d'aon duine, ach amháin do chomhaltaí an Chomhlachta Ceannais, maidir lenár n-obair iniúchóireachta don tuarascáil seo ná leis na tuairimí atá déanta againn.

**Freagrachtaí faoi seach na hOllscoile, an Chomhlachta Ceannais agus na nIniúchóirí**

Mar atá mínithe ar bhealach níos mine sa Ráiteas ar Fhreagrachtaí an Chomhlachta Ceannais, tá an Comhlacht Ceannais freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú agus as a chinntiú go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu.

Is é an fhreagracht atá orainn mar iniúchóir neamhspleách na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairim a chur in iúl ina leith de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta um Iniúchóireacht (an Ríocht Aontaithe agus Éire). Ceanglaítear leis na caighdeáin sin orainn cloí leis na Caighdeáin Eiticiúla d'Iniúchóirí ón mBord um Chleachtais Iniúchóireachta.

Déanaimid athbhreithniú ar cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh go bhfuil an ráiteas ar rialú inmheánach a cheanglaítear le Cód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann agus a dhéantar sa Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach ar leathanaigh 8 go 14 comhsheasmhach leis an bhfaisnéis ar a bhfuilimid eolach ónár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais agus tugaimid tuairisc i gcás nach amhlaidh. Ní cheanglaítear orainn a bhreithniú cé acu a chumhdaítear nó nach gcumhdaítear i Ráiteas na hOllscoile ar Rialú Inmheánach na rioscaí agus na rialuithe go léir, agus ní cheanglaítear orainn ach oiread teacht ar thuairim ar a éifeachtaí atá nósanna imeachta rialachais chorparáidigh nó nósanna imeachta rialaithe inmheánaigh na hOllscoile.

**Raon feidhme an iniúchta ar na ráitis airgeadais**

Is éard atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil ar na suimeanna agus ar an nochtadh sna ráitis airgeadais, a mhéid is gá chun dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha ar bith, cibé acu trí chalaois nó trí earráid. Áirítear leis sin measúnú a dhéanamh ar na nithe seo a leanas: cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí na hOllscoile agus cé acu is amhlaidh nó nach amhlaidh gur cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad agus gur nochtadh go leordhóthanach iad; a réasúnta atá na meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinne an Ollscoil; agus cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais. Ina theannta sin, léimid an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais ar fad atá i dTuarascálacha agus Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016 chun aon neamhréireacht ábhartha leis na ráitis airgeadais iniúchta a shainaithint agus chun sainaithint a dhéanamh ar aon fhaisnéis atá mícheart go hábhartha de réir dealraimh, bunaithe ar an bhfaisnéis a ghnóthaíomar le linn an t-iniúchadh a dhéanamh nó ar aon fhaisnéis atá neamhréireach go hábhartha leis an bhfaisnéis sin. Má thagaimid ar an eolas faoi aon mhíráitis ábhartha dhealraitheacha nó faoi aon neamhréireachtaí ábhartha dealraitheacha, breithnímid na himpleachtaí dár dtuarascáil. Léimid Tuarascáil an Chisteora Oinigh agus breithnímid na himpleachtaí i leith ár dtuarascála i gcás go dtagaimid ar an eolas faoi aon mhíráiteas dealraitheach atá istigh inti.

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

Is é seo a leanas an tuairim atá againn ar na ráitis airgeadais:

- go dtugtar léargas fírinneach cóir iontu ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Ghrúpa agus na hOllscoile amhail an 30 Meán Fómhair 2016 agus ar easnamh nó barrachas an Ghrúpa agus na hOllscoile don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- gur ullmhaíodh iad i gceart de réir an chreata ábhartha tuairiscithe airgeadais.

*Ag leanúint ar aghaidh ar an gcéad leathanach eile/*



Comhalta de Deloitte Touche Tohmatsu

/*Ag leanúint ar aghaidh ón leathanach roimhe*

**TUARASCÁIL NA nINIÚCHÓIRÍ NEAMHSPLEÁCHA DO CHOMHLACHT CEANNAIS CHOLÁISTE NA HOLLSCOILE, CORCAIGH**

*Béim ar Ábhar - Aithint Shócmhainní na Scéime Pinsean*

Le linn dúinn teacht ar ár dtuairim, rud nach bhfuil mionathraithe, bhreithníomar leorgacht an nochta a rinneadh i Nóta 32 leis na ráitis airgeadais maidir le sócmhainn atá coibhéiseach le dliteanais phinsin na hOllscoile a aithint. Aistríodh sócmhainní na Scéime Dúnta chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean agus is amhlaidh, faoi alt 12(6) den Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos mura leor comhiomlán ranníocaíochtaí na mball agus na bhfostóirí arna n-íoc leis an Ollscoil nó arna dtarraingt siar aici chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil na sochair sin a íoc i gcomhréir leis an scéim. Comhlíonann an Stát oibleagáidí 'scéim 2005' ar bhonn 'íoc-mar-a-théitear', ag teacht sna sála ar aistriú shócmhainní na scéime chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean sa bhliain 2009. Aithníodh sócmhainn atá coibhéiseach le dliteanas pinsin 'scéim 2005' sna ráitis airgeadais mar chuid dá sócmhainn fhoriomlán cistiúcháin phinsin iarchurtha. Ag an 30 Meán Fómhair 2016, b'ionann an tsócmhainn pinsin agus €1,658.8m. Áirítear leis an tsuim sin €15.7m atá ina ábhar do dhlíthíocht, mar atá leagtha amach i nóta 32. Mar thoradh ar a thábhachtaí atá na hábhair sin, measaimid gur cheart aird a tharraingt orthu.

**Ábhar a cheanglaítear orainn a thuairisciú trí eisceacht**

Níl aon ní le tuairisciú againn i leith fhorálacha Chód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann, rud lena gceanglaítear orainn tuairisc a thabhairt más amhlaidh, inár dtuairim, nach comhsheasmhach leis an bhfaisnéis ar a bhfuilimid eolach ónár n-obair iniúchóireachta ar na ráitis airgeadais atá an ráiteas ar rialú inmheánach a cheanglaítear le Cód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann agus a dhéantar sa Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach.



Deloitte
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Corcaigh

Dáta: 13 Deireadh Fómhair 2017

**RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH 2015/16**
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

**Ráiteas ón gComhlacht Ceannais i dtaca le freagracht agus comhlíonadh**
Deimhníonn Comhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, go bhfuil sé freagrach as a chinntiú go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh na n-oibleagáidí reachtúla go léir is infheidhme maidir leis an Ollscoil agus a leagtar amach sa reachtaíocht lena rialaítear bunú na hOllscoile. Deimhníonn sé freisin gur deimhin leis go bhfuil an Ollscoil ag comhlíonadh na n-oibleagáidí sin agus, a mhéid is fearr is eol dó agus a chreideann sé, go bhfuil sí ag comhlíonadh na n-oibleagáidí sin a leagtar amach in aon reachtaíocht ábhartha eile.

**Cód Rialachais**
Sa bhliain 2006, tháirg an tÚdarás um Ard-Oideachas Cód Rialachais don earnáil Ollscoile inar leagadh amach socruithe rialachais dea-chleachtais d'Ollscoileanna na hÉireann. Sa chód sin, beartaíodh tréimhse trasdula trí bliana ar lena linn a d'aistreodh an earnáil ón gcleachtas a bhí ann sa bhliain 2007 chuig an gcumraíocht mholta. I mí Feabhra 2007, ghlac Comhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, Cód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann go foirmiúil. Ina theannta sin, chuir sé tús le próiseas a raibh sé i gceist leis na próisis agus na nósanna imeachta riachtanacha a chur chun feidhme chun comhlíonadh iomlán a chinntiú thar an tréimhse ón mbliain 2007 go dtí an bhliain 2010.

Eisíodh leagan athbhreithnithe de Chód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann i mí na Nollag 2012. Athraíodh an cód chun dáta sa leagan sin, lenar áiríodh an dearbhú rialachais bliantúil a chónascadh leis an ráiteas ar rialú inmheánach chun Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach a chruthú. Rinne an Comhlacht Ceannais an leagan athbhreithnithe de Chód Rialachais Ollscoileanna na hÉireann a cheadú an 19 Meitheamh 2012.

**Cód Iompair do Chomhaltaí**
Tá Cód Cleachtais agus Nósanna Imeachta don Chomhlacht Ceannais i bhfeidhm, áit a leagtar amach dualgais agus freagrachtaí na gcomhaltaí den Chomhlacht Ceannais. Rinne Comhlacht Ceannais UCC Cód Iompair do Chomhaltaí den Chomhlacht Ceannais agus de Choistí an Chomhlachta Ceannais a cheadú an 28 Deireadh Fómhair 2008. Tá sé ar áireamh anois i Rialachán lena rialaítear Seoladh Ghnó an Chomhlachta Ceannais. Athraíodh an Rialachán sin chun dáta tuilleadh sa bhliain 2016.

**Cód Iompair d'Fhostaithe**
Comhaontaíodh Cód Iompair d'Fhostaithe leis na Ceardchumainn agus cheadaigh an Comhlacht Ceannais é le linn a chruinnithe i mí Aibreáin 2009. Tá beartais i bhfeidhm lena rialaítear iompar na foirne. Is leis an gconradh fostaíochta a rialaítear iompar na foirne go príomha. Ceanglaítear ar fhostaithe cloí le raon beartas freisin. Tá sonraí faoi na beartais sin ar áireamh i bpaca tionscnaimh a eisítear d'fhostaithe nua in éineacht lena gconradh fostaíochta agus pléitear leo san ionduchtú a eagraítear do gach ball foirne nua. Tá gach beartas Acmhainní Daonna de chuid UCC ar fáil ar shuíomh Gréasáin UCC. Cuirtear nasc Gréasáin leis na beartais sin ar fáil sa chonradh fostaíochta a eisítear do gach ball foirne nua.

**Forbairtí Suntasacha ó thaobh Airgeadais de**
Níorbh ann d'aon fhorbairtí suntasacha airgeadais a chuaigh i bhfeidhm ar UCC sa bhliain 2015-2016. Faoi mar a bhí amhlaidh i mblianta roimhe sin, leanann UCC le sócmhainn iarchurtha stáit a aithint i dtaca leis na dliteanais phinsin ar fad, lena n-áirítear dliteanais bhlianta breise atá cothrom le €82.1. Tá an tuairim sin ag teacht leis an tuairim ó abhcóidí sinsearacha agus léirítear inti an tuiscint atá ag an gComhlacht Ceannais ar aistriú shócmhainní pinsin agus dhliteanais ghaolmhara UCC chuig an Stát, faoi mar a leagtar amach san Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, i dtaca le dliteanais phinsin amach anseo.

**Pá**
Tá UCC ag comhlíonadh bheartas an Rialtais ar phá agus tá an creat imeachtaí do luach saothair comhaontaithe leis an Údarás um Ard-Oideachas faoi alt 25 d'Acht na nOllscoileanna, 1997.

**Tuairisciú Airgeadais**
Dearbhaíonn an Ollscoil gur i bhfeidhm atá na nósanna imeachta cuí go léir le haghaidh na ráitis airgeadais bhliantúla a tháirgeadh.

**Iniúchóireacht Inmheánach**
Oibríonn an Ollscoil feidhm neamhspleách Iniúchóireachta Inmheánaí a thuairiscíonn do Choiste Iniúchóireachta na hOllscoile (coiste de chuid ár gComhlachta Ceannais). Athraíodh an Chairt Iniúchóireachta Inmheánaí chun dáta ar aon dul le Cód an Údaráis um Ard-Oideachas. Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta í an 7 Samhain 2007 agus cheadaigh an Comhlacht Ceannais í an 11 Nollaig 2007. Déanann an fhoireann Iniúchóireachta Inmheánaí clár bliantúil um iniúchtaí rioscabhunaithe. Le linn di tionscadail iniúchóireachta inmheánaí a sheoladh, cloíonn Oifig Iniúchóireachta Inmheánaí UCC leis an gCreat Idirnáisiúnta um Chleachtais Ghairmiúla arna fhógairt ag Institiúid na nIniúchóirí Inmheánacha.

**RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH 2015/16**
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

**Soláthar**
Deimhníonn an Ollscoil gur cuireadh na nósanna imeachta soláthair atá i bhfeidhm in iúl don fhoireann ar fad agus, a mhéid is fearr is eol do UCC agus a chreideann sé, deimhníonn an Ollscoil go leanann an Ollscoil ar aghaidh ag déanamh dianiarracht comhlíonadh na nósanna imeachta sin a chinntiú ar gach bealach ábhartha. Is féidir le UCC a dheimhniú go ndéanann sé dianiarracht mar eagraíocht cloí le treoirlínte náisiúnta soláthair, go bhfuiltear ag comhlíonadh nósanna imeachta cuí le haghaidh soláthair agus go bhfuiltear ag cloí, i gcás inarb iomchuí, le forbairt agus cur chun feidhme an Phlean Soláthair Chorparáidigh.

**Diúscairt Sócmhainní**
Is le nósanna imeachta na hOllscoile, a chuirtear in iúl do gach ball foirne, a rialaítear diúscairt shócmhainní na hOllscoile chuig tríú páirtithe agus chuig fostaithe. Táthar ag tabhairt faoi gach nós imeachta cuí le haghaidh diúscairt sócmhainní.

**Treoirlínte maidir le Tograí Caipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú**
Deimhníonn an Ollscoil go bhfuil próiseas i bhfeidhm chun éascú a dhéanamh ar chomhlíonadh na dTreoirlínte maidir le Tograí Caipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú arna n-eisiúint ag an Roinn Airgeadais i mí Feabhra 2005. Táthar ag cloí, i gcás inarb iomchuí, leis na Treoirlínte maidir le Tograí Caipitil a Mheasúnú agus a Bhainistiú.

**Beartas Taistil**
Tá beartas taistil agus nósanna imeachta gaolmhara i bhfeidhm ag UCC. Tá an beartas agus na nósanna imeachta ar fáil don fhoireann ar fad ar shuíomh Gréasáin na hOllscoile. Nuair a bhí an beartas agus na nósanna imeachta á bhforbairt, tugadh aird ar na ceanglais atá i gciorcláin taistil ón Roinn Airgeadais agus ar cheanglais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le speansais fostaithe. Tá a bheartas taistil féin atá bunaithe ar speansais dhearbhaithe i bhfeidhm ag UCC, agus aird á tabhairt ar rátaí míleáiste na Roinne Airgeadais.

**Treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach**
A mhéid is fearr is eol di agus a chreideann sí, chloígh an Ollscoil leis na Treoirlínte maidir le Luach ar Airgead a Bhaint Amach i gCaiteachas Poiblí arna leagan amach in aitheasc ón Aire Airgeadais an 20 Deireadh Fómhair 2005 agus arna gcur in iúl do na hOllscoileanna.

**Dlíthe Cánach**
A mhéid is fearr is eol di agus a chreideann sí, tá an Ollscoil ag comhlíonadh dlíthe cánach go hiomlán agus tá sí tiomanta dá chinntiú go n-íoctar gach dliteanas cánach ar na dátaí dlite lena mbaineann.

**Beartas Cosanta Leanaí**
Tá Beartas Cosanta Leanaí i bhfeidhm ag an Ollscoil. Cheadaigh an Comhlacht Ceannais é.

**Táillí agus Speansais i gcomhréir leis na Treoirlínte ón Roinn Airgeadais**
Ní íoctar aon táillí leis na comhaltaí de Chomhlacht Ceannais na hOllscoile. Íoctar speansais, de réir mar is cuí, i gcomhréir leis na treoirlínte ón Roinn Airgeadais. Is faoi iamh in Aguisín 2 atá nóta maidir leis na speansais chomhiomlána a íocadh leis na comhaltaí den Chomhlacht Ceannais don tréimhse.

**Cód Rialachais d'Fhochuideachtaí Trádála**
Tá feidhm ag Cód Rialachais UCC maidir le fochuideachtaí. Táirgeann gach fochuideachta ráitis airgeadais a ndéantar iniúchadh neamhspleách orthu agus a chuirtear ar áireamh i Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite UCC. Cuirtear ráitis airgeadais iniúchta reachtúla na bhfochuideachtaí i láthair an Choiste Airgeadais agus an Choiste Iniúchóireachta.

**Neamhchomhlíonadh**
Níl aon ábhair neamhchomhlíonta le tuairisciú i leith na tréimhse 2015/2016.

**Tuairisciú de Mheon Macánta**
Tá Beartas Sceithireachta i bhfeidhm ag an Ollscoil. Cheadaigh an Comhlacht Ceannais é agus tá sé i gcomhréir leis an Acht um Nochtadh Cosanta, 2014.

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH 2015/16
## An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016

**Dearbhú réasúnta in aghaidh earráid ábhartha**

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le bainistiú a dhéanamh, agus ní scor a dhéanamh, ar an riosca nach mbainfear aidhmeanna agus cuspóirí amach agus nach gcuirfear gnóthaí Ollscoile i gcrích ar bhealach slachtmhar agus dlisteanach. Maidir leis sin, ní fhéadann an córas ach dearbhú réasúnta agus ní dearbhú iomlán a chur ar fáil go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go dtaifeadtar iad go cuí agus go gcoisctear earráidí ábhartha agus mírialtachtaí nó go mbraithfí iad go tráthúil.

**Príomhnósanna Imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun rialú inmheánach éifeachtach a sholáthar - timpeallacht rialaithe chuí**

Tá freagracht fhoriomlán ar an gComhlacht Ceannais as córas rialaithe inmheánaigh na hOllscoile. Cumhdaíonn an córas rialaithe inmheánaigh gach rialú ábhartha, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, rialuithe oibriúcháin agus rialuithe comhlíonta agus córais bhainistíochta riosca a thacaíonn le haidhmeanna agus cuspóirí na hOllscoile a bhaint amach agus a chosnaíonn an pobal mar aon le cistí agus sócmhainní eile as a bhfuil an Ollscoil freagrach.

Admhaíonn Comhlacht Ceannais UCC go bhfuil freagracht air as córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil. Chun an fhreagracht sin a chomhlíonadh go héifeachtach, is ann do dhá bhuanchoiste phríomha de chuid an Chomhlachta Ceannais a thugann an dearbhú don Chomhlacht Ceannais maidir le rialachas, le riosca agus le rialú. Faoi tharmligean reachtúil ón gComhlacht Ceannais, déanann an Coiste Airgeadais maoirseacht ar bhainistíocht airgeadais na hOllscoile. Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú leanúnach ar oibriú agus éifeachtacht chórais bhainistíochta riosca na hOllscoile agus cuireann sé comhairle ar an gComhlacht Ceannais ina leith.

Cé go ndéantar athbhreithniú seasmhach ar chóras rialaithe inmheánaigh na hOllscoile, is geall le curtha i gcrích atá an próiseas tosaigh um athbhreithniú agus cur chun feidhme ar aon dul leis an gCód Rialachais. Dá ainneoin sin, leanann an Ollscoil dá timpeallacht rialaithe inmheánaigh a athbhreithniú agus a fheabhsú de réir mar is gá chun a chinntiú go maolófar rioscaí ábhartha go leibhéal inghlactha.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh ceaptha le bainistiú a dhéanamh, agus ní scor a dhéanamh, ar an riosca nach mbainfear aidhmeanna agus cuspóirí amach agus nach gcuirfear gnóthaí Ollscoile i gcrích ar bhealach slachtmhar agus dlisteanach.

Áirítear iad seo a leanas leis na príomhghnéithe den chóras rialaithe inmheánaigh:

- Freagrachtaí bainistíochta atá sainithe go soiléir, lena n-áirítear leithscaradh dualgas, údaráis tharmligthe fhoirmiúla agus seiceáil shamplach sonrasc agus íocaíochtaí;
- Beartais, nósanna imeachta agus rialacháin;
- Rialuithe logála isteach, próifíle, bainistíochta agus pasfhocail le haghaidh córais airgeadais a rochtain agus a úsáid;
- Próisis phleanála straitéisí;
- Córais phleanála, córais leithdháilte acmhainní agus córais rialaithe bhuiséadaigh a ndéantar faireachán orthu trí thuairisciú bainistíochta rialta, lena n-áirítear tuarascálacha míosúla a eisiúint do choinneálaithe buiséid, agus trí athbhreithniú ag an lucht ardbhainistíochta le linn na bliana;
- Córais faisnéise chun tuairisciú bainistíochta tráthúil a chinntiú;
- Córas bainistíochta riosca lena sainaithnítear agus lena dtuairiscítear na príomhrioscaí atá ann agus na gníomhartha bainistíochta a rinneadh chun dul i ngleic leis na rioscaí sin.
- Cloí leis an mbeartas náisiúnta arna chur in iúl ag an Údarás um Ard-Oideachas agus ag ciorcláin agus teachtaireachtaí Roinne.

**Príomhnósanna Imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun Rialú Inmheánach éifeachtach a sholáthar - rioscaí gnó**

Déanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú leanúnach ar oibriú agus éifeachtacht chórais bhainistíochta riosca na hOllscoile agus cuireann sé comhairle ar an gComhlacht Ceannais ina leith. Tá Coiste Bainistíochta Riosca i bhfeidhm a thuairiscíonn d’Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile agus don Choiste Iniúchóireachta. Tá Clár Rioscaí Ollscoile i bhfeidhm. Cuirtear é faoi athbhreithniú ag 6 chruinniú de chuid an Choiste Bainistíochta Riosca agus ag 2 Cheardlann Riosca d’Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile gach bliain. Pléitear Bainistíocht Riosca ar chlár oibre gach cruinnithe de chuid Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile [Oibríochtaí] [thart ar 26 chruinniú sa bhliain] agus ar chlár oibre gach dara cruinniú de chuid an Chomhlachta Ceannais. Tá freagracht ar an gCoiste Bainistíochta Riosca as bainistíocht riosca a leabú fud fad na hOllscoile.

**RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH 2015/16**
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

**Príomhnósanna Imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun Rialú Inmheánach éifeachtach a sholáthar - córais faisnéise**
Baineann UCC úsáid as córas bainistíochta airgeadais AGRESSO, rud lena ndéantar soláthar d'anailís ar athraitheas a dhéanamh ar bhonn rialta. Déantar tuarascálacha ina gcuirtear an buiséad i gcomparáid leis an bhfeidhmíocht iarbhír a tháirgeadh le linn na Bliana Airgeadais.

Mar chuid d'iniúchadh seachtrach bliantúil na hOllscoile, déantar athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras faisnéise ar fad. Breithníonn an lucht bainistíochta agus an Coiste Iniúchóireachta an tuarascáil. Tugtar aghaidh sa bhliain airgeadais ina dhiaidh sin ar aon laigí a shainaithnítear san athbhreithniú sin.

**Príomhnósanna Imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun Rialú Inmheánach éifeachtach a sholáthar - impleachtaí airgeadais na mór-rioscaí gnó**
Breithníonn an Coiste Bainistíochta Riosca gach mór-riosca gnó agus breithníonn Foireann Bhainistíochta na hOllscoile [Straitéis] iad dhá uair sa bhliain. Tarraingítear aird Oibríochtaí Fhoireann Bhainistíochta na hOllscoile ["UMTO"] ar rioscaí dearga [fíor-rioscaí] le haghaidh gníomhaíochta tar éis don Choiste Bainistíochta Riosca iad a bhreithniú. Athbhreithnítear iad ag gach cruinniú de chuid UMTO.
Cuirtear Clár Rioscaí na hOllscoile i láthair ag gach dara cruinniú de chuid an Chomhlachta Ceannais.
Maidir le gach riosca ar leith atá ann ar leibhéal na hOllscoile, tá úinéir sonraithe acu ar fhoireann bhainistíochta na hOllscoile. Tá an duine sin freagrach as faireachán a dhéanamh ar an riosca agus as é a mhaolú.
Ní mór Measúnú Riosca agus Clár Rioscaí a chur ar aghaidh chuig an gCoiste Bainistíochta Riosca i leith gach tionscadail shuntasaigh a thionscnaítear san Ollscoil agus i leith gach mórchinnidh ghnó.

**Príomhnósanna Imeachta a cuireadh i bhfeidhm chun Rialú Inmheánach éifeachtach a sholáthar - faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh**
Tá faireachán ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh bunaithe ar na próisis seo a leanas:

(i) Athbhreithniú leanúnach ag Foireann Bhainistíochta na hOllscoile agus soláthar ráiteas dearbhaithe bliantúil ag oifigigh shinsearacha;

(ii) Tuarascáil Bhliantúil an Uachtaráin don Chomhlacht Ceannais;

(iii) Gnáth-thuarascálacha an Uachtaráin, a chuirtear i láthair ag gach cruinniú de chuid an Chomhlachta Ceannais;

(iv) Tuarascálacha ó chruinnithe de chuid an Choiste Airgeadais a bhaineann le hioncam, caiteachas, taighde, cistíocht, féichiúnaithe, dliteanais/iasachtaí agus caipiteal agus a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Chomhlachta Ceannais;

(v) Tuarascálacha ó chruinnithe de chuid na Comhairle Acadúla, a chuirtear i láthair cruinnithe de chuid an Chomhlachta Ceannais;

(vi) An Coiste Bainistíochta Riosca agus faireachán ar an gclár rioscaí;

(vii) Miontuairiscí an Choiste Bainistíochta Riosca a bheith á gcur ar aghaidh chuig an gCoiste Iniúchóireachta tar éis gach cruinnithe;

(viii) An tuarascáil rialta don Chomhlacht Ceannais agus tuarascáil bhliantúil an Choiste Iniúchóireachta don Chomhlacht Ceannais, mar aon le faisnéis faoin obair a rinne an fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí le linn na bliana agus tuairimí a tháinig as athbhreithniú an Choiste ar shocruithe bainistíochta riosca agus rialachais chorparáidigh;

(ix) Litreacha agus tuarascálacha bainistíochta ó iniúchóirí seachtracha na hollscoile agus ón Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, a ndéanann an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú orthu;

(x) Tuarascálacha Dearbhú Cáilíochta; agus

(xi) Cur in iúl na dtorthaí ar athbhreithnithe tréimhsiúla eile.

**Athbhreithniú ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh**
Athbhreithnítear rialuithe ar bhonn leanúnach chun a chinntiú go mbíonn siad éifeachtach. Áirítear leis an gcreat athbhreithniúcháin:

- Timthriall plean iniúchóireachta trí bliana lena gcumhdaítear gach riosca airgeadais;

- Athbhreithnithe éagsúla iniúchóireachta inmheánaí gach bliain orthu sin;

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH 2015/16
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

* Athbhreithniú ag iniúchóir seachtrach tráchtála ar rialuithe idirbhirt agus TFC mar chuid den iniúchadh bliantúil;

* Cuntasacht dhéabhlóidithe agus a n-ainm a bheith á chur ag bainisteoirí leis an gcóras rialaithe inmheánaigh, á dheimhniú go mbíonn bainisteoirí aonair ag oibriú de réir na rialuithe agus na mbeartas;

* Tástáil an dearbhaithe áitiúil sin trí athbhreithniú Iniúchóireachta Inmheánaí, agus gníomh leantach á dhéanamh nuair is cuí;

* Tagarmharcáil a dhéanamh ar ár rialuithe maidir leis an earnáil ar mhaithe le feabhsuithe a bhaint amach mar chuid dár n-athbhreithnithe dearbhaithe cáilíochta;

* Tuairisciú ar neamhchomhlíonadh, más ann.

De bhreis air sin, áirítear measúnú ar rialuithe le clár rioscaí na hOifige Airgeadais. Má scóráiltear iad mar riosca ómrach ar a laghad, cuirfear bearta maolaitheacha i bhfeidhm.

Tá an Ollscoil comhdhéanta de choláistí, scoileanna, ranna, lárionaid taighde, aonaid riaracháin agus aonaid tacaíochta. Gach bliain, déanann príomhphearsana bainistíochta na hOllscoile athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh ina réimse freagrachta agus deimhníonn siad leorgacht an chórais rialaithe inmheánaigh atá i bhfeidhm ina réimse feidhme. Cuireadh an t-athbhreithniú sin i gcrích sa bhliain 2015/16 ('an tréimhse ábhartha') agus dheimhnigh príomhoifigeach gach réimse feidhme lenar bhain leorgacht an chórais rialaithe inmheánaigh i scríbhinn tar éis an athbhreithnithe. De bhreis air sin, athbhreithníonn Coiste Iniúchóireachta UCC na tuarascálacha go léir de chuid na hOllscoile a chuireann an coiste feidhmiúcháin faoina bhráid. Athbhreithníonn sé na tuarascálacha ó fheidhm Iniúchóireachta Inmheánaí UCC freisin.

**Laigí i Rialú Inmheánach**
Don tréimhse 2015-2016, níor sainaithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí mar chúis le caillteanais ábhartha, le teagmhais nó le héiginnteacht is gá a nochtadh sna ráitis airgeadais.

**Cruinnithe an Choiste Iniúchóireachta - líon + freastal**
Reáchtáladh seacht [7] gcruinniú de chuid an Choiste Iniúchóireachta sa bhliain 2015-2016.Tá an freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta faoi iamh in Aguisín 1.

**Athbhreithniú ar Fheidhmíocht an Chomhlachta Ceannais**
Rinneadh athbhreithniú ar fheidhmíocht an Chomhlachta Ceannais le linn na bliana 2015-2016 agus bhreithnigh an Comhlacht Ceannais na torthaí. Rinneadh an t-athbhreithniú ach úsáid a bhaint as ábhar ar fhorbair an Leadership Foundation for Higher Education, an Ríocht Aontaithe, é.

**Tuarastal an Uachtaráin**
B'ionann agus €214,286 olltuarastal an Uachtaráin le linn na bliana 2015-2016.

**Saincheisteanna Ginearálta Rialachais agus Cuntasachta**
Oibríonn an Ollscoil faoi réir creat cuimsitheach reachtach agus reachtúil, lena n-áirítear Acht na nOllscoileanna, 1997, Príomh-Reacht na hOllscoile, sraith Rialachán Comhlachta Ceannais lena rialaítear go sonrach seoladh ghnó an Chomhlachta Ceannais, ceapadh, roghnú agus earcú chuig an gComhlacht Ceannais agus gach nós imeachta earcaíochta de chuid na hOllscoile.
Ón taobh acadúil de, bainistítear an Ollscoil trí cheithre Choláiste, a bhfuil sraith shonrach Rialacha Coláiste ag gach ceann díobh, i gcomhréir le Príomh-Reacht na hOllscoile.

Leis an mBeartas um Údarás Sínithe agus Ceadú, tugtar treoir do bhaill foirne agus oifigigh na hOllscoile i dtaca le foinsí cuí ceadaithe agus leis an gcumas chun an Ollscoil a chur i gconarthaí. Athbhreithníodh an Beartas um Údarás Sínithe agus Ceadú sa bhliain 2016 agus tá sé á bhreithniú ag an gComhlacht Ceannais faoi láthair lena cheadú.

I mbeagán focal, tá creat cuimsitheach rialachais i bhfeidhm ag an Ollscoil, rud atá riachtanach le haghaidh institiúid mhór chasta a rialú agus a bhainistiú.

Níl aon saincheisteanna sonracha rialachais nó cuntasachta ann nach mór béim a leagan orthu sa Ráiteas seo ar Rialachas agus Rialú Inmheánach.

**RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH 2015/16**
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

Admháil ón bPríomhoifigeach go bhfuil an Comhlacht Ceannais freagrach as an gcóras rialaithe inmheánaigh

Deimhnímse, Patrick O’Shea, Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, leis seo go bhfuil Comhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, freagrach as a chóras rialaithe inmheánaigh.

Sínithe: Dáta: 19/09/2017

**Ceadú ón gComhlacht Ceannais**

Déanaimse, Dermot O’Mahoney, Leaschathaoirleach Chomhlacht Ceannais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, agus cathaoirleach ar an gcruinniú ar lena linn a ceadaíodh an Ráiteas ar Rialachas agus Rialú Inmheánach, deimhniú leis seo gur cheadaigh an Comhlacht Ceannais an Ráiteas seo ar Rialachas agus Rialú Inmheánach agus gur cheadaigh sé Ráiteas an Uachtaráin thuas go sonrach le linn a chruinnithe an 7 Feabhra 2017.

Sínithe: Dáta: 19/09/2017

## RÁITEAS AR RIALACHAS AGUS RIALÚ INMHEÁNACH 2015/16
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

### AGUISÍN I

Táillí agus Speansais Choiste Iniúchóireachta UCC

**Freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúchóireachta (2015 - 2019) le linn na bliana 2015-2016:**

Tháinig an Coiste Iniúchóireachta seo le chéile seacht [7] n-uaire le linn na bliana dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016. Ba é €nialas luach na speansas a aisíocadh leis an gCoiste don bhliain.

| *Comhalta Coiste* | *An Líon Cruinnithe ar Freastalaíodh Orthu* |
|---|---|
| Leen, Colm | 7 |
| Moloney, Maurice | 7 |
| Keating, Gillian | 7 |
| Quin, An tOll. Suzanne | *5* |
| Olden, Niall | 3 |

### AGUISÍN 2

**Speansais**
Ba é seo a leanas suim iomlán na speansas a íocadh le comhaltaí den Chomhlacht Ceannais sa tréimhse ón 01 Deireadh Fómhair 2015 go dtí an 30 Meán Fómhair 2016: €7,814.

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AR IONCAM CUIMSITHEACH
**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

| | Nótaí | Comhdhlúite 2016 €'000 | Comhdhlúite 2016 €'000 | Comhdhlúite 2015 €'000 | Comhdhlúite 2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | | | |
| Deontais stáit | 3 | | 43,282 | | 44,327 |
| Táillí acadúla | 4 | | 133,976 | | 125,125 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 5 | | 94,525 | | 88,685 |
| Amúchadh deontas caipitil stáit | 24 | | 9,245 | | 8,570 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 6 | | 34,492 | | 31,197 |
| Ioncam úis | 7 | | 156 | | 218 |
| Ioncam infheistíochta | 8 | | 249 | | - |
| Glantoradh ar scéimeanna pinsean | 32 | | 335 | | 302 |
| Cistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 32 | | 29,008 | | 30,232 |
| **Ioncam iomlán roimh dhearlaicí agus roimh shíntiúis** | | | 345,268 | | 328,656 |
| Síntiúis agus dearlaicí | 9 | | 781 | | - |
| **Caiteachas** | | | | | |
| Costais foirne | 10 | 214,063 | | 206,465 | |
| Costas seirbhíse pinsin | 32 | 29,343 | 243,406 | 30,534 | 236,999 |
| Speansais oibriúcháin eile | 11 | | 79,114 | | 77,693 |
| Ús iníoctha agus muirir chomhchosúla | 12 | | 2,119 | | 1,302 |
| Dímheas | 15 | | 21,041 | | 20,044 |
| **Caiteachas iomlán** | | | 345,680 | | 336,038 |
| **(Easnamh)/barrachas roimh ghnóthachain/caillteanais eile** | | | 369 | | (7,382) |
| (Caillteanas)/gnóthachan ar dhiúscairt | | | (426) | | 2 |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | | | 619 | | - |
| **Barrachas/(easnamh) roimh cháin** | 14 | | 562 | | (7,380) |
| Cáin | 13 | | - | | |
| **Barrachas/(easnamh) don bhliain tar éis dímheas sócmhainní agus tar éis cánach** | 14 | | 562 | | (7,380) |
| Gnóthachan achtúireach i ndáil le scéimeanna | | | (29,008) | | (30,232) |
| Gluaiseacht sa phinsean infhaighte | | | 29,008 | | 30,232 |
| Ioncam cuimsitheach iomlán don bhliain | | | 562 | | (7,380) |
| Ioncam cuimsitheach srianta don bhliain | 26 | | 962 | | - |
| Ioncam cuimsitheach neamhshrianta don bhliain | | | (400) | | (7,380) |

Ba as oibríochtaí leanúnacha, agus astu sin amháin, a d’eascair an barrachas don bhliain.

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR ATHRUITHE I gCÚLCHISTÍ
## An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016

**Comhdhlúite**

| | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Neamhshrianta | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Srianta | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €’000 | €’000 | €’000 |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2014** | 236,780 | - | 236,780 |
| Easnamh ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | (7,380) | - | (7,380) |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2015** | 229,400 | - | 229,400 |
| Aistriú cúlchistí tosaigh ón gCiste Iontaobhais | 3,966 | 9,253 | 13,219 |
| Barrachas ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | (400) | 962 | 562 |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2016** | 232,966 | 10,215 | 243,181 |

**Ollscoil**

| | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Neamhshrianta | Cúlchiste Ioncaim agus Caiteachais Srianta | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €’000 | €’000 | €’000 |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2014** | 203,239 | - | 203,239 |
| Easnamh ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | (8,388) | - | (8,388) |
| **Iarmhéid ag an 01 Deireadh Fómhair 2015** | 194,851 | - | 194,851 |
| Easnamh ón ráiteas ioncaim agus caiteachais | (2,462) | - | (2,462) |
| **Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair 2016** | 192,389 | - | 192,389 |

## RÁITEAS COMHDHLÚITE AGUS OLLSCOILE AR STAID AIRGEADAIS
**30 Meán Fómhair 2016**

| | | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Nótaí** | **2016 €'000** | **2015 €'000** | **2016 €'000** | **2015 €'000** |
| **Sócmhainní neamhreatha** | | | | | |
| Sócmhainní seasta | 15 | 581,907 | 579,611 | 486,695 | 484,989 |
| Sócmhainní oidhreachta | 16 | 2,182 | 2,090 | 2,182 | 2,090 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | 16 | - | - | 163 | 163 |
| Infheistíochtaí | 16 | 14,624 | - | - | - |
| | | 598,713 | 581,701 | 489,040 | 487,242 |
| **Sócmhainní reatha** | | | | | |
| Stoic | 17 | 685 | 647 | 409 | 395 |
| Féichiúnaithe | 18 | 33,666 | 33,138 | 46,590 | 44,487 |
| Infheistíochtaí | 19 | 10,000 | 10,000 | 10,000 | 10,000 |
| Airgead sa bhanc | 20 | 39,119 | 39,495 | 26,886 | 27,667 |
| | | 83,470 | 83,280 | 83,885 | 82,549 |
| **Creidiúnaithe:** Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 21 | (182,175) | (170,428) | (164,602) | (163,539) |
| **Glandliteanais reatha** | | (98,705) | (87,148) | (80,717) | (80,990) |
| **Sócmhainní iomlána lúide dliteanais reatha** | | 500,008 | 494,553 | 408,323 | 406,252 |
| **Creidiúnaithe:** Suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin | 22 | (256,827) | (265,153) | (215,934) | (211,401) |
| Dliteanas sochar scoir | 32 | (1,658,815) | (1,364,641) | (1,658, 815) | (1,364,641) |
| Sochar scoir infhaighte | 32 | 1,658,815 | 1,364,641 | 1,658,815 | 1,364,641 |
| **Glansócmhainní iomlána** | | 243,181 | 229,400 | 192,389 | 194,851 |
| **Cúlchistí srianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas - cúlchiste srianta | 26 | 10,215 | - | - | - |
| **Cúlchistí neamhshrianta** | | | | | |
| Ioncam agus caiteachas - cúlchiste neamhshrianta | 26 | 232,966 | 229,400 | 192,389 | 194,851 |
| Iomlán | | 243,181 | 229,400 | 192,389 | 194,851 |

Rinne an Comhlacht Ceannais na ráitis airgeadais a cheadú an 19/09/2017 agus shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Sínithe:

Uachtarán

Cisteoir Oinigh

**RÁITEAS COMHDHLÚITE AR SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 Meán Fómhair 2016**

| | An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016 €'000 | An bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | | |
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | 562 | (7,380) |
| | | |
| **Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid** | | |
| Dímheas | 21,041 | 20,044 |
| Deontais chaipitil iarchurtha stáit a scaoileadh chuig ioncam | (9,245) | (8,570) |
| Caillteanas/(brabús) ar dhiúscairt sócmhainní seasta | 426 | (2) |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | (619) | - |
| | | |
| **Coigeartú le haghaidh gluaiseachtaí i gcaipiteal oibre** | | |
| Méadú i stoic | (38) | (161) |
| Méadú i bhféichiúnaithe | (528) | (5,749) |
| Méadú i gcreidiúnaithe | 2,375 | 10,110 |
| | | |
| **Coigeartú le haghaidh gníomhaíochtaí infheistíochta nó maoiniúcháin** | | |
| Ioncam infheistíochta | (249) | - |
| Síntiúis a fuarthas | (781) | - |
| Gluaiseacht i gcúlchistí tosaigh agus in infheistíochtaí deiridh - Ciste Iontaobhais UCC | (1,405) | - |
| Ús iníoctha | 2,119 | 1,302 |
| Ús eile a fuarthas | (156) | (218) |
| | | |
| **Insreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin** | 13,502 | 9,376 |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | | |
| Deontais chaipitil iarchurtha stáit a fuarthas | 9,374 | 8,698 |
| Ioncam infheistíochta | 249 | - |
| Ceannach sócmhainní inláimhsithe agus oidhreachta | (23,855) | (46,480) |
| Fáltais ar dhiúscairt sócmhainní seasta | - | 2 |
| Síntiúis a fuarthas | 781 | - |
| Ús infhaighte | 156 | 218 |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 619 | - |
| **Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta** | **(12,676)** | **(37,562)** |
| | | |
| **Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin** | | |
| *Fiachas a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin:* | | |
| Ús iníoctha | (2,119) | (1,302) |
| Laghdú in iasachtaí gearrthéarmacha | (810) | 817 |
| Méadú in oibleagáidí faoi shocruithe maoiniúcháin | 9,507 | 86 |
| *Fiachas a bheidh dlite tar éis bliain amháin:* | | |
| Méadú in iasachtaí fadtéarmacha | 2,143 | 10,411 |
| Laghdú in oibleagáidí faoi shocruithe maoiniúcháin/faoi shocruithe eile | (9,923) | (476) |
| | | |
| Eis-sreabhadh glan airgid ó ghníomhaíochtaí maoiniúcháin | (1,202) | 9,536 |
| | | |
| **Laghdú in airgead agus i gcoibhéisí airgid sa bhliain** | (376) | (18,650) |
| Airgead agus coibhéisí airgid i dtús na bliana | 49,495 | 68,145 |
| | | |
| Airgead agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | 49,119 | 49,495 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta**

Is iad seo a leanas na beartais shuntasacha chuntasaíochta a ghlacann an Ollscoil:

Déantar achoimre thíos ar na beartais chuntasaíochta a mheastar a bheith ábhartha maidir leis na ráitis airgeadais seo. Cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad go léir ar fud na bliana agus don bhliain roimhe.

**a. Faisnéis ghinearálta agus bonn na cuntasaíochta**

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna mhodhnú chun míreanna áirithe a chur ar áireamh de réir luach cóir. Ullmhaíodh iad de réir Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus arna fhógairt ag Cuntasóirí Cairte Éireann lena úsáid in Éirinn, agus de réir an Ráitis ar Chleachtas Molta (“SORP”) – Cuntasaíocht d’Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna ghlacadh go deonach ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Athluadh ráitis airgeadais na bliana roimhe chun coigeartuithe ábhartha a dhéanamh orthu ar FRS 102 a ghlacadh sa bhliain reatha. Féach nóta 35 chun tuilleadh faisnéise a fháil. Cuirtear na ráitis airgeadais chomhdhlúite i láthair in euro toisc gurb é sin airgeadra feidhmiúil na hOllscoile agus airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíche ina bhfeidhmíonn an Ollscoil.

**b. Bonn an chomhdhlúthaithe**

Comhdhlúthaítear i ráitis airgeadais an Ghrúpa ráitis airgeadais na hOllscoile agus a foghnóthas suas go dtí an 30 Meán Fómhair 2016.

Níor comhdhlúthaíodh gníomhaíochtaí Aontas Mac Léinn Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, anseo toisc nach bhfuil na gníomhaíochtaí sin faoi rialú ag an Ollscoil. Níor cuireadh ráitis airgeadais Cork University Foundation DAC ar áireamh sna ráitis seo ach oiread toisc nach bhfuil an chuideachta sin faoi rialú ag an Ollscoil. Níor comhdhlúthaíodh gnóthais eile neamhábhartha a bhfuil leas ag an Ollscoil iontu.

Cuireadh ráitis airgeadais Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar áireamh i ráitis airgeadais chomhdhlúite Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, den chéad uair riamh, ar an mbonn go raibh an ciste iontaobhais faoi rialú bainistíochta ag Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, don bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016.

**c. Gnóthas leantach**

Cuirtear síos ar ghníomhaíochtaí na hOllscoile agus ar a forbairt láithreach amach seo i dTuarascáil an Chisteora Oinigh. Rinneadh staid airgeadais na hOllscoile, lena n-áirítear a sreabhadh airgid, a hiasachtaí agus a leachtacht, a mheas mar chuid de riachtanais chistiúcháin bhonneagair amach anseo agus le linn an chéad phlean straitéiseach eile a fhorbairt. Ba é an toradh a bhí ar an tsamhail chistiúcháin don earnáil agus do thabhairt isteach an tseimeastraithe ná gur tháinig méadú ar an leibhéal táillí acadúla a bhíonn iníoctha roimh ré. Mar thoradh air sin agus ar mhéaduithe leantacha i bhfabhruithe taighde, tháinig méadú ar ghlandliteanas reatha na hOllscoile freisin. Is deimhin leis an gComhlacht Ceannais, áfach, go bhfuil dóthain acmhainní ag an Ollscoil chun a hoibleagáidí a chomhlíonadh de réir mar a bhíonn siad dlite go ceann i bhfad. Dá réir sin, leanann sé le bonn gnóthais leantaigh na cuntasaíochta a úsáid agus na ráitis airgeadais bhliantúla á n-ullmhú aige.

**d. Sócmhainní seasta inláimhsithe**

*(i) Talamh agus foirgnimh*

Luaitear sócmhainní seasta inláimhsithe de réir costais nó luachála, glan ar dhímheas agus ar aon soláthar do bhearnú. Gearrtar dímheas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe, seachas réadmhaoine infheistíochta agus talamh ruílse, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luacháil gach sócmhainne, lúide luach iarmharach measta, a dhíscríobh thar a saolré fhónta ionchasach de réir méid cothrom mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh ruílse | 50 bliain |

Léiríonn luach iarmharach an tsuim mheasta a gheofaí faoi láthair as sócmhainn a dhiúscairt, tar éis costais mheasta na diúscartha a asbhaint, dá mba rud é go bhfuil an tsócmhainn ar aois agus sa riocht lena bhfuiltear ag súil ag deireadh a saolré fónta.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta - ar lean**

Rinneadh an luacháil is déanaí an 30 Meán Fómhair 1994. Shocraigh an Ollscoil luach na talún agus na bhfoirgneamh mar a bhí ag an 30 Meán Fómhair 1994 toisc gurbh é sin an chéad bhliain inar cuireadh an cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis chun feidhme i leith sócmhainní seasta agus ráitis airgeadais na hOllscoile á gcur i láthair. I gcomhréir le mír 35.10(d) de FRS 102, bhain an Ollscoil leas as an díolúine idirthréimhseach atá ar fáil do ghlacadóir céaduaire chun an luacháil sin le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe a úsáid mar chostas measta ag an dáta aistrithe. Féach nóta 35 chun tuilleadh faisnéise a fháil.

*(ii) Trealamh*
Is de réir costais a chaipitlítear gach cineál trealaimh. Dímheastar trealamh caipitlithe thar a shaolré eacnamaíoch fhónta mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Trealamh ríomhaire | 3 bliana |
| Trealamh | 5 bliana |

Sa chás go bhfaightear trealamh le deontais chaipitil stáit, déantar é a chaipitliú agus a dhímheas de réir an bheartais thuasluaite. Cuirtear an deontas gaolmhar chun sochair chuntas deontas caipitil iarchurtha agus scaoiltear é chuig an gcuntas ioncaim agus caiteachais thar shaolré fhónta ionchasach an trealaimh ghaolmhair.

**e. Sócmhainní oidhreachta**
Is i seilbh na hOllscoile atá cuid mhór sócmhainní lena mbaineann mórthábhacht stairiúil agus chultúrtha don Stát. Cuimsítear i mbailiúchán UCC saothair ealaíne agus pictiúir agus déantáin eile. Maidir le saothair ealaíne a cheannaítear chun tairbhe don Ollscoil, caipitlítear iad sa Ráiteas ar Staid Airgeadais de réir a gcostais bhunaidh agus ní dhímheastar iad.

**f. Infheistíochtaí - Neamhreatha**
Tomhaistear gach sócmhainn agus dliteanas airgeadais de réir praghas idirbhirt ar dtús (costais idirbhirt san áireamh), ach amháin i gcás na sócmhainní airgeadais sin a rangaítear de réir luach cóir trí bhrabús nó caillteanas. Tomhaistear sócmhainní den sórt sin de réir luach cóir ar dtús (arb é an praghas idirbhirt gan aon chostais idirbhirt a áireamh é i bhformhór na gcásanna). Iompraítear gach infheistíocht de réir luach cóir. Is i margaí luaite poiblí a thrádáiltear gach infheistíocht i gcothromas agus in urrúis úis sheasta. Tá bonn an luacha chóir d'infheistíochtaí luaite cothrom leis an margadhluach, agus úsáidtear an praghas tairisceana ina leith. Aithnítear díolacháin agus ceannacháin sócmhainní de réir costais ag an dáta trádála (is é sin le rá, an luach idirbhirt).

**g. Stoic**
Luaitear stoic de réir a gcostais nó de réir a bpraghais mheasta díola, atá cothrom leis an nglanluach inréadaithe, cibé acu is ísle. Ríomhtar costas trí úsáid a bhaint as an modh 'is túisce isteach, is túisce amach'. Nuair is cuí, déantar soláthar d'earraí atá as feidhm, mallghluaiseach nó lochtach.

**h. Bearnú sócmhainní**
Déantar sócmhainní, seachas iad sin a thomhaistear de réir luach cóir, a mheas i gcomhair táscairí bearnaithe ag dáta gach Ráitis ar Staid Airgeadais. Dá mbeadh fianaise oibiachtúil ann ar bhearnú, d'aithneofaí caillteanas bearnaithe sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach. Ní raibh aon táscairí ar bhearnú sócmhainní ann ag an 30 Meán Fómhair 2016.

**i. Cáin**
Mar charthanas díolmhaithe, níl an Ollscoil faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ná i leith cáin ioncaim ar aon cheann dá gníomhaíochtaí carthanúla. Tá sí cláraithe le haghaidh cáin bhreisluacha ach ní féidir léi cáin ionchuir a aisghabháil ar fhormhór a ceannachán toisc gurb ionann soláthar an oideachais agus gníomhaíocht dhíolmhaithe nach ngearrtar aon cháin aschuir ina leith. Is faoi CBL a thagann gníomhaíochtaí taighde agus tráchtála áirithe laistigh den Ollscoil. Tugann an Ollscoil aon cháin ionchuir nó aschuir a bhaineann leis na gníomhaíochtaí sin ar ais do na Coimisinéirí Ioncaim.

**j. Aithint ioncaim**
*Deontais Stáit*
Is bunaithe ar an tsamhail fabhraithe a aithnítear deontais ón Údarás um Ard-Oideachas agus ó chomhlachtaí rialtais eile. Tomhaistear iad de réir luach cóir na sócmhainne a fuarthas nó atá infhaighte. Rangaítear deontais de réir cinn a bhaineann le hioncam agus cinn a bhaineann le sócmhainní seasta inláimhsithe. Maidir le deontais athfhillteacha agus deontais neamh-athfhillteacha a bhaineann le hioncam, aithnítear iad in ioncam thar an tréimhse ina n-aithnítear na costais ghaolmhara. Is thar shaolré fhónta ionchasach na sócmhainne a aithnítear deontais a fhaightear ón Údarás um Ard-Oideachas nó ó chomhlachtaí stáit eile i ndáil le sócmhainní seasta a cheannach nó a thógáil.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta - ar lean

*Táillí Acadúla*
Aithnítear táillí acadúla sa tréimhse lena mbaineann siad.

*Deontais agus conarthaí taighde*
Is bunaithe ar an tsamhail feidhmíochta a aithnítear ioncam ó dheontais agus conarthaí taighde. Is é sin le rá, aithnítear ioncam a mhéid a comhlíonadh coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht.

*Ioncam ó thaiscí gearrthéarmacha*
Cuirtear an t-ioncam ar fad ó thaiscí gearrthéarmacha chun sochair an Ráitis ar Ioncam Cuimsitheach sa tréimhse inar tuilleadh é.

*Ioncam infheistíochta*
Ach amháin i gcás díbhinní agus ioncam infhaighte, léirítear an t-ioncam infheistíochta ar fad sna ráitis airgeadais ar bhonn fáltas. Aithnítear díbhinní agus ioncam infhaighte ag deireadh na bliana airgeadais inar fabhraíodh iad.

*Síntiúis nach bhfuil aon srianta ag gabháil leo*
Áirítear le síntiúis nach bhfuil aon srianta ag gabháil leo suimeanna a thugtar don Iontaobhas i bhfoirm airgid nó sócmhainne, ar suimeanna iad nach bhfuil aon srian ag gabháil leo maidir le conas ba cheart iad a úsáid. Taifeadtar síntiúis den sórt sin sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil.

*Síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo*
Taifeadtar síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a bhítear i dteideal an t-ioncam a fháil. Coinnítear an t-ioncam srianta sa chúlchiste atá srianta go sealadach agus coinnítear é ann go dtí go dtabhaítear caiteachas atá i gcomhréir leis na srianta.

### k. Sochair scoir

D'fheidhmigh an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe le linn na bliana, mar atá leagtha amach i nóta 32.

Is baill de scéim pinsean nua, ar a dtugtar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, atá i ngach fostaí a chuaigh isteach sa tSeirbhís Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Is í an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a riarann an scéim sin. Tá feidhm ag an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair maidir le gach ball foirne nua a chuaigh isteach san earnáil phoiblí mar iontrálaí nua an OJ Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Is scéim scoir sochair shainithe í. Is le cuntas sochar scoir stáit a íoctar gach ranníocaíocht scoir fostaíochta a dhéantar leis an Scéim. Feidhmítear an scéim ar bhonn íoc-mar-a-théitear.

Déantar sochair phinsin d'fhostaithe áirithe eile de chuid foghnóthas áirithe a íoc trí íocaíochtaí a dhéanamh le scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach sa bhliain ina mbíonn siad dlite. Tugtar cuntas ar chostais phinsin trí mhuirearú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le pinsin a sholáthar thar an tréimhse ina mbaineann an Ollscoil tairbhe as seirbhísí na bhfostaithe. I gcás scéimeanna sochair shainithe, is iad na suimeanna a mhuirearaítear ar an mbrabús oibriúcháin ná na costais a d'eascair as seirbhísí fostaithe le linn na tréimhse agus an costas a bhain le pleananna a thabhairt isteach, le hathruithe a dhéanamh ar shochair, le socraíochtaí agus le ciorrúcháin. Cuirtear na suimeanna sin ar áireamh i gcostais foirne. Is ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach a mhuirearaítear an glanchostas úis ar an nglandliteanas sochair shainithe agus cuirtear é ar áireamh i gcostais mhaoiniúcháin. Maidir le haon atomhas a bhaineann le gnóthachain agus caillteanais achtúireacha agus an toradh ar shócmhainní scéime (seachas suimeanna a chuirtear ar áireamh i nglan-ús ar an nglandliteanas sochair shainithe), aithnítear é láithreach in ioncam cuimsitheach eile.

*Sócmhainn sochair scoir infhaighte*
Mar atá leagtha amach ar bhealach níos mine i nóta 32, cuireadh in iúl don Ollscoil go bhfreastalódh an Stát ar na dliteanais sochair scoir amach anseo do scéim (dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, faoin Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Faoi FRS 102, má tá aon eintiteas beagnach cinnte go n-aisíocfaidh páirtí eile cuid den chaiteachas nó an caiteachas ar fad a bheidh ag teastáil chun oibleagáid sochair shainithe a áirithiú, is mar shócmhainn a aithneoidh an t-eintiteas an ceart chun aisíocaíochta. Caithfidh an t-eintiteas leis na sócmhainní sin ar an mbealach céanna a chaitheann sé le sócmhainní plean. Léirítear sna ráitis airgeadais, mar sin, sócmhainn infhaighte lena bhfritháirítear an dliteanas scoir ina iomláine. Cuirtear gluaiseachtaí sa sochar scoir infhaighte sin ar áireamh sa Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach chun an ghluaiseacht bhunúsach sa dliteanas scoir a chothromú.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 1 Ráiteas ar bheartais chuntasaíochta - ar lean

**l. Airgeadra eachtrach**

Taifeadtar idirbhearta in airgeadraí eachtracha de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Maidir le sócmhainní agus dliteanais airgid a bhí ainmnithe in airgeadraí eachtracha ag dáta an Ráitis ar Staid Airgeadais, tuairiscítear iad de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag an dáta sin.

**m. Infheistíochtaí**

Déantar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí a iompar de réir costais lúide bearnú i ráitis airgeadais na hOllscoile. Is ionann infheistíochtaí sócmhainní reatha agus airgead a chuirtear i dtaisce. Is ar an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach a mhuirearaítear aon ús a thuilltear orthu.

### 2 Breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta agus príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin

Le linn dó beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm, ar beartais iad a bhfuil cur síos déanta orthu i nóta 1, ceanglaítear ar an gComhlacht Ceannais breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh maidir le suimeanna glanluacha sócmhainní agus dliteanas. Tá na meastacháin agus na toimhdí lena mbaineann bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar thosca eile a mheastar a bheith ábhartha. Déantar athbhreithniú ar na meastacháin agus ar na buntoimhdí ar bhonn leanúnach.

**Breithiúnais thábhachtacha le linn beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm**

Is iad seo a leanas na breithiúnais thábhachtacha, seachas iad sin a raibh meastacháin i gceist leo (a phléitear ar leithligh thíos), a thug an Comhlacht Ceannais le linn dó beartais chuntasaíochta na hOllscoile a chur i bhfeidhm agus a raibh an tionchar is mó acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais.

*1) Pinsean*

Mar atá leagtha amach i nóta 32 leis na ráitis airgeadais, feidhmíonn an Ollscoil scéimeanna pinsean sochair shainithe. Ar an mbonn go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil sochair phinsin a íoc, fritháiríodh an dliteanas pinsin trí shócmhainn atá coibhéiseach le dliteanais phinsin na hOllscoile a aithint, mar chuid den tsócmhainn fhoriomlán cistiúcháin phinsin iarchurtha. Ag an 30 Meán Fómhair 2016, b'ionann an tsócmhainn pinsin agus €1,658.8m. Áirítear leis an tsuim sin €15.7m atá ina ábhar do dhlíthíocht. Mar gheall ar a thábhachtaí atá na nithe sin, measann an Ollscoil gur réimse suntasach breithiúnais é seo. Féach nóta 32 chun tuilleadh sonraí a fháil.

**Príomhfhoinsí an mheastacháin agus na héiginnteachta**

Is iad na meastacháin seo a leanas na meastacháin a raibh an tionchar is suntasaí acu ar na suimeanna a aithnítear sna ráitis airgeadais:

*1) Saolré eacnamaíoch fhónta*

Tá saolré eacnamaíoch fhónta na sócmhainní inláimhsithe ina toimhde thábhachtach maidir leis an scéal amach anseo ag an dáta tuairiscithe. Bhreithnigh an Ollscoil na nithe seo a leanas agus na meastacháin sin á socrú aici: an caitheamh fisiciúil ionchasach, dífheidhmeacht theicniúil agus tráchtála, agus aon teorainneacha eile ar úsáid na sócmhainní. Bhreithnigh an Ollscoil freisin cé acu ba cheart nó nár cheart ráta dímheasa ar leith a úsáid le haghaidh aon mhíreanna ábhartha laistigh d'aicmí sócmhainní chun saolré fhónta na sócmhainní sin a léiriú. Tar éis di athbhreithniú a dhéanamh, tháinig an Ollscoil ar an gconclúid nach mbaineann míreanna den sórt sin le hábhar.

2) *Soláthairtí*

Aithnítear soláthairtí i gcás go bhfuil oibleagáid reatha (dhlíthiúil nó inchiallaithe) ar an Ollscoil i ngeall ar eachtra san am a chuaigh thart agus gur dócha go mbeidh ar an Ollscoil an oibleagáid sin a chomhlíonadh agus gur féidir meastachán iontaofa a thabhairt ar shuim na hoibleagáide ag deireadh na tréimhse tuairiscithe, agus aird á tabhairt ar na rioscaí agus ar an éiginnteacht a bhaineann leis an oibleagáid.

3) *Bearnú*

Tar éis di luach seilbhe na sócmhainní inláimhsithe a bhreithniú, tháinig an Ollscoil ar an gconclúid nach raibh aon táscairí bearnaithe ann ar shócmhainní na hOllscoile ag an 30 Meán Fómhair 2016.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**

**2 Breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta agus príomhfhoinsí na héiginnteachta meastacháin - ar lean**

4) *Sochair phinsin - toimhdí*
Feidhmíonn an Ollscoil trí scéim sochair shainithe. Tá costas na sochar sin agus luach reatha na n-oibleagáidí pinsin bunaithe ar thoimhdí achtúireacha, lena n-áirítear; ionchas saoil, méaduithe tuarastail, méaduithe pinsin, rátaí lascaine agus boilsciú. Tá na toimhdí ag teacht leis an taithí stairiúil agus le treochtaí reatha. Mar atá leagtha amach thuas sna breithiúnais thábhachtacha chuntasaíochta, d'aithin an Ollscoil sócmhainn i leith an dliteanais phinsin.

Tá tuilleadh sonraí faoi sin tugtha i nóta 32 leis na ráitis airgeadais.

5) *Fabhrú pá saoire*
De réir FRS 102, ceanglaítear ar an Ollscoil fabhrú a dhéanamh do gach neamhláithreacht chúitithe ghearrthéarmach agus é sin a dhéanamh mar theidlíocht saoire a bhí tuillte ach nach raibh tógtha faoi dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais. Déantar an fabhrú do shaoire bhliantúil nach raibh tógtha faoi dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais a mheas bunaithe ar an teidlíocht iomlán saoire bliantúla de réir an duine aonair lúide an líon laethanta a tógadh.

| **3** | **Deontais stáit** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| | Deontais stáit a leithdháileadh chun críocha athfhillteacha | 43,282 | 44,327 |

Fuarthas an t-ioncam deontais thuas ón Údarás um Ard-Oideachas agus ón Roinn Sláinte.

| **4** | **Táillí acadúla** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| | Ioncam ó tháillí acadúla | 133,976 | 125,125 |

Ba go díreach ón Údarás um Ard-Oideachas a fuarthas suim iomlán €42,227,348 (2015: €41,860,820), a chuirtear ar áireamh mar ioncam ó tháillí acadúla.

| **5** | **Deontais agus conarthaí taighde** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| | Comhlachtaí stáit agus leathstáit | 64,511 | 60,606 |
| | An tAontas Eorpach | 14,657 | 14,766 |
| | An Earnáil Tionsclaíochta | 10,277 | 6,021 |
| | Eile | 5,080 | 7,292 |
| | | 94,525 | 88,685 |

| **6** | **Ioncam oibriúcháin eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | **€'000** |
| | Ioncam cíosa | 1,993 | 1,717 |
| | Ioncam do phoist chistithe | 947 | 1,225 |
| | Ioncam ó árais chónaithe mac léinn | 7,718 | 5,765 |
| | Ioncam ó shaoráidí fóillíochta | 2,732 | 2,697 |
| | Ioncam ó Student Facilities & Services (UCC) DAC | 3,383 | 3,005 |
| | Ioncam ón Áiléar Ealaíne | 219 | 281 |
| | Deontais chaipitil a fuarthas | - | 377 |
| | Ioncam eile | 17,500 | 16,130 |
| | | **34,492** | **31,197** |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

| **7 Ioncam úis** | **2016 €'000** | **2015 €'000** |
|---|---|---|
| Ioncam úis | 156 | 218 |

| **8 Ioncam infheistíochta** | **2016 €'000** | **2015 €'000** |
|---|---|---|
| Ioncam infheistíochta ar chúlchistí srianta | 174 | |
| Ioncam infheistíochta eile | 75 | |
| | 249 | |

| **9 Síntiúis agus dearlaicí** | **2016 €'000** | **2015 €'000** |
|---|---|---|
| Síntiúis a bhfuil srianta ag gabháil leo | 547 | - |
| | 234 | – |
| Síntiúis neamhshrianta | 781 | = |

**10 Costais foirne**

Agus é curtha i láthair mar choibhéis lánaimseartha, ba é seo a leanas an meánlíon míosúil daoine (sealbhóirí poist shinsearaigh ar áireamh) a bhí fostaithe ag an Ollscoil le linn na bliana:

| | **2016 Líon** | **2015 Líon** |
|---|---|---|
| Teagasc agus taighde | 1,646 | 1,546 |
| Teicniúil | 113 | 103 |
| Riarachán láir agus seirbhísí | 935 | 852 |
| Eile | 308 | 285 |
| | 3,002 | 2,786 |

| | **2016 €'000** | **2015 €'000** |
|---|---|---|
| Tuarastail agus pá | 180,418 | 174,550 |
| Costais leasa shóisialaigh | 14,636 | 13,774 |
| Costais eile phinsin | 19,009 | 18,141 |
| | 214,063 | 206,465 |

**Luach saothair an phríomhphearsanra bainistíochta**

Ba é €2,139,503 (2015: €2,076,710) an luach saothair iomlán a íocadh leis an bpríomhphearsanra bainistíochta don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 10 Costais foirne - ar lean

**Baill foirne ar thuarastal níos airde**

Ghlac an Ollscoil luach tosaithe €60,000 chun baill foirne ar thuarastal níos airde a shainaithint. Agus €60,000 a bheith mar luach tosaithe, is mar seo a leanas atá luach saothair na foirne, agus é leagtha amach i mbandaí tuarastail €10,000:

| Bandaí Tuarastail | An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016 - Nochta | An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2015 |
|---|---|---|
| 60,000 - 70,000 | 203 | 217 |
| 70,001 - 80,000 | 278 | 266 |
| 80,001 - 90,000 | 187 | 176 |
| 90,001 - 100,000 | 33 | 28 |
| 100,001 - 110,000 | 47 | 46 |
| 110,001 - 120,000 | 20 | 14 |
| 120,001 - 130,000 | 31 | 24 |
| 130,001 - 140,000 | 31 | 32 |
| 140,001 - 150,000 | 4 | 4 |
| 150,001 - 160,000 | 2 | 1 |
| 160,001 - 170,000 | 0 | 0 |
| 170,001 - 180,000 | 1 | 1 |
| 180,001 - 190,000 | 4 | 4 |
| 190,001 - 200,000 | 3 | 4 |
| 200,001 -210,000 | 3 | 2 |
| 210,001 - 220,000 | 7 | 7 |
| 220,001 - 230,000 | *5* | *5* |
| Mór-Iomlán | 859 | 831 |

**Bunaithe ar an líon foirne ag an 31 Nollaig 2016*

**An Príomhphearsanra Bainistíochta**

Is é atá sa phríomhphearsanra bainistíochta ná na daoine sin ag a bhfuil údarás agus ar a bhfuil freagracht i leith gníomhaíochtaí na hOllscoile a phleanáil, a stiúradh agus a rialú. Cuimsíonn príomhphearsanra bainistíochta na hOllscoile na baill den fhoireann ardbhainistíochta, dá bhfuil Foireann Bhainistíochta na hOllscoile comhdhéanta.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

| **11 Speansais oibriúcháin eile** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Teas, solas, uisce agus cumhacht | 6,134 | 6,287 |
| Fógraíocht agus cur chun cinn | 769 | 686 |
| Táillí gairmiúla | 5,767 | 5,004 |
| Oiliúint agus forbairt | 1,403 | 1,298 |
| Trealamh | 3,515 | 4,269 |
| Tomhaltáin saotharlainne | 7,282 | 7,236 |
| Postas, priontáil agus soláthairtí stáiseanóireachta | 2,444 | 2,519 |
| Cumarsáid | 907 | 811 |
| Leabhair agus tréimhseacháin | 2,123 | 2,307 |
| Cíos agus rátaí | 1,462 | 1,360 |
| Gluaisteáin, taisteal agus cothú | 8,143 | 7,943 |
| Soláthairtí ríomhaire | 884 | 752 |
| Árachas | 1,434 | 1,272 |
| Costais Bhogearraí | 1,880 | 1,852 |
| Deisiúcháin agus cothabháil | 10,629 | 9,880 |
| Costais a bhaineann le bainistíocht infheistíochta agus le scoláireachtaí | 276 | - |
| Tomhaltáin agus speansais eile | 24,062 | 24,217 |
| | 79,114 | 77,693 |

Is é seo a leanas luach saothair an iniúchóra i leith obair a rinneadh don Ghrúpa i ndáil leis an mbliain airgeadais:

| | **€'000** | **€'000** |
|---|---|---|
| Táillí Iniúchóireachta Reachtúla | 37 | 34 |
| Táillí Iniúchóireachta Tráchtála | 123 | 104 |

| **12 Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Muirir úis agus muirir chomhchosúla | | |
| Ar iasachtaí bainc, rótharraingtí agus iasachtaí eile a bheidh iníoctha ina n-iomláine laistigh de 5 bliana | 1,232 | 280 |
| Ar iasachtaí bainc a bheidh iníoctha tar éis 5 bliana | 843 | 956 |
| Ar oibleagáidí a tháinig aníos faoi shocruithe maoiniúcháin | 44 | 66 |
| | 2,119 | 1,302 |

Áirítear leis an ús atá iníoctha ús ar iasachtaí a tharraingítear anuas chun cóiríocht chónaithe do mhic léinn agus cláir eile infheistíocht chaipitil a chistiú.

**13 Cánachas**

Ní thagann aon mhuirear cánachais chun cinn toisc gur carthanais dhíolmhaithe iad an Ollscoil agus a príomh-fhochuideachtaí agus níl siad faoi dhliteanas i leith cáin chorparáide ná i leith cáin ioncaim ar aon cheann dá ngníomhaíochtaí carthanúla.

| **14 Barrachas/(easnamh) ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Tá an (barrachas)/an t-easnamh ar oibríochtaí leanúnacha don bhliain comhdhéanta díobh seo a leanas: | | |
| Easnamh na hOllscoile don bhliain | (2,462) | (8,388) |
| Barrachas a shaothraigh foghnóthais agus gnóthais eile | 3,024 | 1,008 |
| | 562 | (7,380) |

| 15 Sócmhainní seasta inláimhsithe<br>COMHDHLÚITE | Talamh agus foirgnimh*<br>€'000 | Trealamh ríomhaire<br>€'000 | Trealamh<br>€'000 | Sócmhainní atá á dtógáil<br>€'000 | Iomlán<br>€'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas nó luacháil** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 732,978 | 46,198 | 156,936 | 2,097 | 938,209 |
| Breiseanna | 2,578 | 1,800 | 6,248 | 13,137 | 23,763 |
| Athrangú | 4,465 | 305 | - | (4,770) | - |
| Diúscairtí | (788) | (62) | - | - | (850) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | **739,233** | **48,241** | **163,184** | **10,464** | **961,122** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 167,554 | 44,725 | 146,319 | - | 358,598 |
| Dímheas don bhliain | 14,201 | 1,065 | 5,775 | - | 21,041 |
| Diúscairtí | (362) | (62) | - | - | (424) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | **181,393** | **45,728** | **152,094** | **-** | **379,215** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | **557,840** | **2,513** | **11,090** | **10,464** | **581,907** |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | **565,424** | **1,473** | **10,617** | **2,097** | **579,611** |

*Athluadh an costas tosaigh a bhaineann le talamh agus foirgnimh ag an 2015 Deireadh Fómhair 2015 chun suim €2,090,000 a chur as áireamh. Is ionann an tsuim sin agus luach na lámhscríbhinní agus na saothar ealaíne ar chinn an Ollscoil go mbeadh sé níos cuí iad a chur i láthair i sócmhainní oidhreachta. Tá sonraí faoi chistiú caipitil a fuarthas i leith sócmhainní seasta inláimhsithe leagtha amach i nóta 24.

Áirítear le talamh agus foirgnimh agus trealamh sócmhainní ar thug Oifigeach Pleanála an Choláiste luach €125,984,000 agus luach €8,219,000 faoi seach dóibh sa bhliain 1994 ar bhonn costais athsholáthair dhímheasta. B'ionann na luachanna sin agus an costas measta ar dháta an idirbhirt. Áirítear le talamh agus foirgnimh agus sócmhainní atá á dtógáil suim €35,047,052 (2015: €32,531,052) i leith talamh ruílse nach ndímheastar. Áirítear le Sócmhainní Seasta freisin suim €10,859,252 (2015: €11,124,311) i dtaca le foirgneamh atá faoi úinéireacht dhlíthiúil infheisteoirí príobháideacha. Is é an tionchar tráchtála atá ag an idirbheart a bhaineann leis an bhfoirgneamh sin a dhíol agus a athcheannach ar deireadh ná gur ag an Ollscoil go fóill atá gach tairbhe shuntasach agus gach riosca suntasach a bhaineann leis.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS – ar lean**

**15 Sócmhainní seasta inláimhsithe – ar lean**

| OLLSCOIL | Talamh agus foirgnimh €'000 | Trealamh ríomhaire €'000 | Trealamh €'000 | Sócmhainní atá á dtógáil €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 621,560 | 45,640 | 152,965 | 2,097 | 822,262 |
| Breiseanna | - | 1,700 | 6,104 | 13,137 | 20,941 |
| Athranguithe | 4,465 | 305 | - | (4,770) | - |
| Diúscairtí | (788) | - | - | - | (788) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | **625,237** | **47,645** | **159,069** | **10,464** | **842,415** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | 150,223 | 44,225 | 142,825 | - | 337,273 |
| Muirear don bhliain | 12,221 | 1,014 | 5,574 | - | 18,809 |
| Diúscairtí | (362) | - | - | - | (362) |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | **162,082** | **45,239** | **148,399** | **-** | **355,720** |
| **Glanluach leabhar** | | | | | |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | **463,155** | **2,406** | **10,670** | **10,464** | **486,695** |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | **471,337** | **1,415** | **10,140** | **2,097** | **484,989** |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**15 Sócmhainní seasta inláimhsithe (ar lean)**

**Scéimeanna réadmhaoine cáinbhunaithe**

Chuaigh an Ollscoil isteach i socrú le hinfheisteoirí éagsúla trína bhfaigheann na hinfheisteoirí faoiseamh cánach a eascraíonn as costais cháilitheacha tógála na bhfoirgneamh agus trína roinneann siad tairbhe an fhaoisimh sin leis an Ollscoil. Cuireadh idirbhearta a bhaineann leis na scéimeanna réadmhaoine cáinbhunaithe uile lena mbaineann ar áireamh sna ráitis airgeadais de réir costas stairiúil, fad nach bhfuil teideal dlíthiúil na réadmhaoine ábhartha tugtha don Ollscoil go fóill. Seo a leanas an príomhchineál faoisimh ar baineadh leas as i ndáil le réadmhaoine ghrúpa na hOllscoile: Baineadh leas as faoiseamh Alt 50 maidir le hÁras na hOllscoile. Táthar ag súil go dtabharfar lánúinéireacht dhlíthiúil air don Ollscoil faoi réamhchonradh sa bhliain 2017. Léiríodh an réadmhaoin seo sa chlár comhardaithe ag an 30 Meán Fómhair 2016. Is i nóta 21 agus i nóta 22 leis an gclár comhardaithe a chuirtear ar áireamh an dliteanas ábhartha €10,049,000 (2015: €10,465,000) i ndáil leis na hoibleagáidí a bhaineann leis an réadmhaoin sin.

**16 Sócmhainní neamhreatha**

| **Infheistíochtaí agus Sócmhainní Oidhreachta** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Infheistíochtaí | 14,624 | - | - | - |
| Sócmhainní oidhreachta | 2,182 | 2,090 | 2,182 | 2,090 |
| Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí | - | - | 163 | 163 |

**(a) Infheistíochtaí**

Is ionann na hinfheistíochtaí neamhreatha agus na hinfheistíochtaí a shealbhaítear i gCiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Iompraítear gach infheistíocht de réir luach cóir. Is i margaí luaite poiblí a thrádáiltear gach infheistíocht i gcothromas agus in urrúis úis sheasta. Tá bonn an luacha chóir d'infheistíochtaí luaite cothrom leis an margadhluach, agus úsáidtear an praghas tairisceana ina leith. Aithnítear díolacháin agus ceannacháin sócmhainní de réir costais ag an dáta trádála (is é sin le rá, an luach idirbhirt).

**Bhí infheistíochtaí de réir luach cóir comhdhéanta díobh seo a leanas**

| | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Cothromas | 7,058 | - |
| Bannaí | 301 | - |
| Réadmhaoin | 1,489 | - |
| Bonneagar | 1,275 | - |
| Airgeadas | 2,434 | - |
| Foraoiseacht | 952 | - |
| Eile | 565 | - |
| Cothromas príobháideach | 550 | - |
| **Iomlán** | **14,624** | **-** |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**16 Sócmhainní neamhreatha (ar lean)**

**(b) Sócmhainní oidhreachta**

Ar áireamh sna nithe thuas atá sócmhainní a mheastar a bheith coinnithe chun críocha oidhreachta. Baineann na sócmhainní go príomha le lámhscríbhinní, le déantáin agus le saothair ealaíne. De bhreis air sin, is leis an Ollscoil freisin líon suntasach saothar ealaíne, lena n-áirítear pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní ríluachmhara. Ní chuirtear na saothair ealaíne sin ar áireamh sa Ráiteas ar Staid Airgeadais mar go meastar nach féidir aon luach fiúntach a thabhairt dóibh, cé go bhfuil luachanna móra d'árachas orthu.

| | Lámhscríbhinní, Déantáin agus Saothair Ealaíne €'000 | Iomlán €'000 |
|---|---|---|
| **Costas** | | |
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015** | 2,090 | 2,090 |
| Breiseanna | 92 | 92 |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | **2,182** | **2,182** |

| **Achoimre cúig bliana ar shócmhainní oidhreachta** | 2012 €'000 | 2013 €'000 | 2014 €'000 | 2015 €'000 | **2016 €'000** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | | |
| Ag an 1 Deireadh Fómhair | 1,251 | 1,251 | 1,251 | 1,815 | 2,090 |
| Breiseanna | - | - | 564 | 275 | 92 |
| **Costas ag an 30 Meán Fómhair** | 1,251 | 1,251 | 1,815 | 2,090 | 2,182 |
| **Iomlán ag an 30 Meán Fómhair** | 1,251 | 1,251 | 1,815 | 2,090 | 2,182 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**16 Sócmhainní neamhreatha (ar lean)**

**(c) Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí**

**Tá leas ag an Ollscoil sna foghnóthais seo a leanas:**

| Foghnóthais | Príomhghníomhaíocht | Leas % | Oifig chláraithe/áit ghnó |
|---|---|---|---|
| **Corpraithe** | | | |
| Property Management (UCC) DAC | Forbairt réadmhaoine | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Campus Accommodation (UCC) DAC | Cóiríocht do mhic léinn | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Art Gallery (UCC) DAC | Áiléar ealaíne | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Student Facilities & Services (UCC) DAC | Seirbhísí do mhic léinn | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Mardyke Leisure (UCC) DAC | Saoráidí fóillíochta | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Biosciences (UCC) DAC | Cuideachta sealbhaíochta maoine | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |
| Tenton DAC | Cuideachta sealbhaíochta maoine | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, Bóthar an Iarthair, Corcaigh |
| UCC Academy DAC | Oideachas | 100% | Coláiste na hOllscoile, Corcaigh Bóthar an Iarthair, Corcaigh. |

**17 Stoic**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Tomhaltáin | 17 | 17 | 17 | 17 |
| Earraí críochnaithe lena n-athdhíol | 668 | 630 | 392 | 378 |
| | 685 | 647 | 409 | 395 |

Níl aon difríocht ábhartha ann idir an méid stoic sa chlár comhardaithe agus a chostas athsholáthair.

**18 Féichiúnaithe**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Féichiúnaithe trádála | 1,304 | 795 | 1,304 | 795 |
| Deontais agus conarthaí taighde atá infhaighte | 24,298 | 21,599 | 24,298 | 21,599 |
| Suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais | - | - | 13,585 | 11,782 |
| Deontas stáit atá infhaighte - HEA | 716 | 626 | 716 | 626 |
| Cáin agus árachas sóisialach eile | 1,820 | 1,370 | 1,820 | 1,370 |
| Féichiúnaithe eile agus réamhíocaíochtaí | 5,528 | 8,748 | 4,867 | 8,315 |
| | 33,666 | 33,138 | 46,590 | 44,487 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**19 Infheistíochtaí reatha**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Taiscí gearrthéarmacha | 10,000 | 10,000 | 10,000 | 10,000 |

Coimeádtar taiscí i mbainc a oibríonn i bPoblacht na hÉireann agus atá ceadúnaithe ag Banc Ceannais na hÉireann. Bhí aibíocht de níos mó ná trí mhí ag gabháil leis na taiscí sin ag dáta an chláir chomhardaithe. Socraítear na rátaí úis do na taiscí sin ar feadh thréimhse na taisce tráth a leagtar iad.

**20 Airgead sa bhanc agus ar láimh**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| Airgead sa bhanc, lena n-áirítear | 35,869 | 30,550 | 23,636 | 18,722 |
| iarmhéideanna atá á gcoimeád ar thaisce ghearrthéarmach | 3,250 | 8,945 | 3,250 | 8,945 |
| | 39,119 | 39,495 | 26,886 | 27,667 |

Sainmhínítear iarmhéideanna srianta airgid agus bainc mar iarmhéideanna airgid agus bainc nach bhfuil ar fáil lena n-úsáid láithreach ag an Ollscoil. Ní fhéadfar iarmhéideanna airgid den sórt sin a úsáid ach amháin chun críocha sainithe áirithe.

**21 Creidiúnaithe: Suimeanna a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Creidiúnaithe trádála | 5,480 | 7,044 | 4,597 | 6,581 |
| Deontais agus conarthaí taighde a fuarthas roimh ré | 72,007 | 66,054 | 72,007 | 66,054 |
| Táillí acadúla a fuarthas roimh ré | 37,420 | 33,900 | 37,420 | 33,900 |
| Deontas stáit a fuarthas roimh ré – HEA | 4,841 | 5,963 | 4,841 | 5,963 |
| Oibleagáidí a tháinig aníos faoi shocruithe maoiniúcháin | 10,049 | 542 | - | - |
| Iasachtaí bainc (nóta 23) | 3,570 | 4,380 | 1,289 | 2,100 |
| Suimeanna atá dlite d'fhoghnóthais | - | - | 1,304 | 1,140 |
| Cáin agus slándáil shóisialach eile | 5,496 | 5,841 | 5,297 | 5,744 |
| Ioncam iarchurtha | 11,958 | 8,736 | 8,416 | 5,557 |
| Deontais chaipitil iarchurtha (nóta 24) | 9,245 | 8,570 | 8,929 | 8,362 |
| Creidiúnaithe eile agus fabhruithe | 22,109 | 29,398 | 20,502 | 28,138 |
| | 182,175 | 170,428 | 164,602 | 163,539 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

| **22 Creidiúnaithe: Suimeanna a bheidh dlite tar éis bliain amháin** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Iasachtaí bainc (nóta 23) | 45,198 | 43,055 | 11,591 | 6,936 |
| Deontais chaipitil iarchurtha (nóta 24) | 211,629 | 212,175 | 204,343 | 204,465 |
| Oibleagáidí a tháinig aníos faoi shocruithe maoiniúcháin | - | 9,923 | - | - |
| | 256,827 | 265,153 | 215,934 | 211,401 |

**Cineál agus Slándáil na nOibleagáidí a thagann aníos faoi shocruithe maoiniúcháin**

Mar atá luaite i nóta 15, áirítear le sócmhainní seasta sócmhainní ó shocruithe maoiniúcháin. Is ionann na dliteanais deiridh i leith na sócmhainní lena mbaineann a athcheannach agus na dliteanais sin atá ar áireamh sna hoibleagáidí a thagann aníos faoi shocruithe maoiniúcháin thuas. Déantar na hiasachtaí a urrú le teideal dlí go dtí go ndéantar an t-athcheannach.

| **23 Iasachtaí Bainc** | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Iasachtaí bainc** | | | | |
| Tá iasachtaí bainc in-aisíoctha mar seo a leanas: | | | | |
| I gceann bliain amháin nó níos lú (nóta 21) | 3,570 | 4,380 | 1,289 | 2,100 |
| Idir bliain amháin agus dhá bhliain | 3,713 | 3,550 | 898 | 1,269 |
| Idir dhá bhliain agus cúig bliana | 11,620 | 9,899 | 2,377 | 3,057 |
| I gceann cúig bliana nó níos mó | 29,865 | 29,606 | 8,316 | 2,610 |
| Iomlán | 45,198 | 43,055 | 11,591 | 6,936 |
| Iasachtaí bainc iomlána | 48,768 | 47,435 | 12,880 | 9,036 |

| **Iasachtóir** | **Suim na hIasachta** | **Iarmhéid 2016** | **Téarma na hIasachta i mBlianta** | **Iasachtaí** |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | | |
| Banc Danske | 10,000 | 265 | 15 | UCC |
| Banc Danske | 4,800 | 1,599 | 15 | UCC |
| Barclays | 10,000 | 5,008 | 15 | UCC |
| Barclays | 1,000 | 501 | 15 | Campus Accommodation (UCC) DAC |
| Barclays | 8,000 | 5,600 | 15 | Mardyke Leisure (UCC) DAC |
| Barclays | 6,000 | 6,009 | 10 | UCC |
| anc na hÉireann | 18,441 | 15,558 | 20 | Campus Accommodation (UCC) DAC |
| Banc Uladh | 15,176 | 14,228 | 20 | Campus Accommodation (UCC) DAC |
| **Iomlán** | | 48,768 | | |

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean

### 24 Deontais chaipitil iarchurtha

| | Comhdhlúite €'000 | Ollscoil €'000 |
|---|---|---|
| **Comhdhlúite** | | |
| **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015** | | |
| Foirgnimh | 213,289 | 205,371 |
| Trealamh | 7,456 | 7,456 |
| Iomlán | 220,745 | 212,827 |
| **Airgead a fuarthas** | | |
| Foirgnimh | 4,185 | 4,185 |
| Trealamh | 5,189 | 5,189 |
| Iomlán | 9,374 | 9,374 |
| **Suim a scaoileadh chuig ioncam agus caiteachas** | | |
| Foirgnimh | 5,393 | 5,077 |
| Trealamh | 3,852 | 3,852 |
| Iomlán | 9,245 | 8,929 |
| **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** | | |
| Foirgnimh | 212,081 | 204,479 |
| Trealamh | 8,793 | 8,793 |
| Iomlán | 220,874 | 213,272 |

Is féidir na Deontais Chaipitil Iarchurtha a anailísiú mar seo a leanas:

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Comhdhlúite** | | |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 9,245 | 8,570 |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis bliain amháin | 211,629 | 212,175 |
| Ag an 30 Meán Fómhair | 220,874 | 220,745 |

| | 2016 €'000 | 2015 €'000 |
|---|---|---|
| **Ollscoil** | | |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | 8,929 | 8,362 |
| Creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis bliain amháin | 204,343 | 204,465 |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2015 | 213,272 | 212,827 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**25 Cúlchiste athluachála**

Ar an aistriú chuig FRS 102, roghnaigh an Ollscoil an fhoráil idirthréimhseach faoi Alt 35.10(d) a ghlacadh chun úsáid a bhaint as athluacháil sócmhainní seasta roimhe faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn ag dáta an aistrithe chuig FRS 102, nó roimh an dáta sin, mar chostas measta ag an dáta athluachála. Dá bharr sin, scaoileadh an cúlchiste athluachála chuig an gcúlchiste neamhshrianta ioncaim agus caiteachais.

**26 Cúlchiste srianta**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Mar atá luaite i dTuarascáil an Chisteora Oinigh, tá an Ollscoil ag comhdhlúthú an chiste iontaobhais den chéad uair riamh. Mar thoradh air sin, is mar seo a leanas atá na cúlchistí a bhfuil srianta ag gabháil leo: | | | | |
| Iarmhéideanna ag an 1 Deireadh Fómhair 2015 | - | - | - | - |
| Iarmhéid tosaigh Chiste Iontaobhais Choláiste na hOllscoile, Corcaigh | 9,253 | - | - | - |
| Síntiúis/cistí nua a infheistíodh | 546 | - | - | - |
| Ioncam infheistíochta | 174 | - | - | - |
| Caiteachas | (192) | - | - | - |
| Méadú i margadhluach na n-infheistíochtaí | 434 | - | - | - |
| Ioncam cuimsitheach srianta iomlán don bhliain | 962 | - | - | - |
| Ag an 30 Meán Fómhair 2016 | 10,215 | - | - | - |

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Anailís ar chistí srianta/síntiúis shrianta eile de réir cineál cuspóra: | | | | |
| Scoláireachtaí agus sparánachtaí | 781 | - | - | - |
| Tacaíocht taighde | - | - | - | - |
| Duaischistí | - | - | - | - |
| Ginearálta | - | - | - | - |
| | - | - | - | - |

**27 Teagmhais**

Ní raibh ag an Ollscoil aon dliteanais theagmhasacha ábhartha ar eolas ag an 30 Meán Fómhair 2016.

**28 Ceangaltais chaipitil**

| | Comhdhlúite | | Ollscoil | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Nithe ar conraíodh dóibh agus nár cuireadh ar fáil | 7,021 | 5,048 | 7,021 | 5,048 |
| Nithe a údaraíodh agus nár conraíodh dóibh | 36,539 | 12,450 | 36,539 | 12,450 |
| | 43,560 | 17,498 | 43,560 | 17,498 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**29 Ionstraimí airgeadais**

Déantar achoimre sa chatagóir thíos ar luach seilbhe na sócmhainní agus na ndliteanas airgeadais comhdhlúite agus ar luach seilbhe shócmhainní agus dhliteanais airgeadais na hOllscoile:

| | **Comhdhlúite** | | **Ollscoil** | |
|---|---|---|---|---|
| | **2016** | **2015** | **2016** | **2015** |
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **Sócmhainní airgeadais** | | | | |
| *A thomhaistear de réir luach cóir tríd an ráiteas ar ioncam cuimsitheach* | | | | |
| • Infheistíochtaí in ionstraimí cothromais liostaithe (féach nóta 16) | 14,624 | - | - | - |
| *A thomhaistear de réir suimeanna neamhlascainithe atá infhaighte* | | | | |
| • Féichiúnaithe trádála (féach nóta 18) | 1,304 | 7,049 | 1,304 | 7,049 |
| • Suimeanna atá dlite ó fhoghnóthais | - | - | 13,585 | 11,782 |
| **Dliteanais airgeadais** | | | | |
| • *A thomhaistear de réir costas amúchta* | | | | |
| Iasachtaí bainc agus iasachtaí eile (féach nóta 23) | 48,268 | 47,435 | 12,880 | 9,036 |
| Oibleagáidí faoi léasanna airgeadais (féach nótaí 21 agus 22) | 10,049 | 10,465 | - | - |
| • *A thomhaistear de réir suimeanna neamhlascainithe atá iníoctha* | | | | |
| Creidiúnaithe trádála (féach nóta 21) | 5,480 | 7,049 | 4,597 | 6,581 |
| Suimeanna atá dlite d'fhoghnóthais (féach nóta 21) | - | - | 1,304 | 1,140 |

| **30 Anailís ar athruithe i nglanfhiachas** | **Ag an 1 Deireadh Fómhair 2015** | **Sreabhadh airgid** | **Ag an 30 Meán Fómhair 2016** |
|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| Airgead sa bhanc agus taiscí gearrthéarmacha | 49,495 | (376) | 49,119 |
| Fiachas bainc a bheidh dlite laistigh de bhliain amháin | (4,380) | 810 | (3,570) |
| Fiachas bainc a bheidh dlite tar éis bliain amháin | (43,055) | (2,143) | (45,198) |
| Oibleagáidí a tháinig aníos faoi shocruithe maoiniúcháin | (10,465) | 416 | (10,049) |
| Iomlán | (8,405) | (1,293) | (9,698) |

**31 Páirtithe gaolmhara**

Ba ar chomhdhlúthú a cealaíodh idirbhearta le fochuideachtaí na hOllscoile agus, dá bharr sin, ní dhéantar aon nochtadh ar na hidirbhearta sin anseo. Measann an Ollscoil go bhfuil an t-eintiteas seo a leanas ina pháirtí gaolmhar is gá a nochtadh:

**Cork University Foundation DAC**

Ní chomhdhlúthaítear Cork University Foundation DAC ("an Fhondúireacht") anseo, mar gheall ar ábharthacht na n-iarmhéideanna a shealbhaítear agus ar a samhail rialachais, áit nach bhfuil an t-eintiteas faoi rialú ag an Ollscoil. Chuir an Ollscoil cóiríocht oifige, úsáid trealaimh agus seirbhísí riaracháin ar fáil don Fhondúireacht sa tréimhse. Fuair an Ollscoil suim €3.4m ón bhFondúireacht sa tréimhse sin le haghaidh oideachas agus taighde a chur chun cinn. Ba é €264,000 an tsuim a bhí dlite don Ollscoil ón bhFondúireacht ag an 30 Meán Fómhair 2016. Bhí cúlchistí dar luach €4.1m ar áireamh sa Ráiteas ar Staid Airgeadais don Fhondúireacht ag an 30 Meán Fómhair 2016.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**32 Sochair Scoir**

D'fheidhmigh an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe le linn na bliana.

***Coláiste na hOllscoile, Corcaigh- Scéim (Dhúnta) Ollscoil na hÉireann, Corcaigh - ar a dtugtar an "Scéim Dhúnta"***

Is é Scéim (Dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, ar a dtugtar an "Scéim Dhúnta", an phríomhscéim. Tá feidhm ag an Scéim Dhúnta maidir le gach fostaí inphinsin a ceapadh roimh an 31 Nollaig 2004 agus tá sí dúnta d'iontrálaithe nua. Is í an Ollscoil a chistigh an Scéim Dhúnta suas go dtí an 31 Márta 2010. Feidhmíodh an Scéim faoi Reacht agus coimeádadh sócmhainní na Scéime ar leithligh ó shócmhainní na hOllscoile.

Foráiltear leis an Acht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009, go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos mura leor comhiomlán ranníocaíochtaí na mball agus na bhfostóirí arna n-íoc leis an Ollscoil nó arna dtarraingt siar aici chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil na sochair sin a íoc i gcomhréir leis an scéim. De réir I.R. Uimh. 124/2010 - an tAcht um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 (Coláiste na hOllscoile, Corcaigh - Ollscoil na hÉireann, Corcaigh), aistríodh sócmhainní na Scéime Pinsean Dúnta chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean an 31 Márta 2010. D'éirigh na baill den Scéim sin ina mbaill de scéim reachtúil neamhchistithe a athainmníodh mar "Scéim (Dhúnta) Choláiste na hOllscoile, Corcaigh". Ní raibh aon tionchar ann ar na sochair atá iníoctha leis na baill, ar an mbonn gurb ionann téarmaí agus coinníollacha teidlíochta na mball agus iad sin a bhí acu faoi phrionsabail na Scéime ar bhunaigh Comhlacht Ceannais UCC í. Ina theannta sin, leagtar amach in alt 6(2) den reachtaíocht an tionchar a bheidh ag an ordú aistrithe ar shócmhainní na Scéime i gcás go scoirfidh an comhlacht iomchuí [i.e. UCC] de bheith faoi dhliteanas i leith na Scéime. Tar éis na sócmhainní a aistriú chuig an státchiste, ní dhéanann UCC aon chinntí maidir leis an Scéim Pinsean a thuilleadh. Laistigh den dliteanas pinsin foriomlán, tá suim €82.1m a bhaineann le blianta breise seirbhíse gairmiúla. Baineann an tsuim €82.1m sin le blianta breise seirbhíse gairmiúla a tuilleadh go díreach i Scéim (Dhúnta) UCC agus le blianta breise a tuilleadh in áit eile san earnáil phoiblí. Cuirtear an tsuim chun sochair Scéim (Dhúnta) UCC tar éis aistriú seirbhíse. Tarlaíonn sé sin de ghnáth nuair a earcaíonn UCC ball foirne ó áit eile san earnáil phoiblí. Den dliteanas iomlán blianta breise €82.1m, is é €15.7m an dliteanas blianta breise seirbhíse gairmiúla a bhaineann le seirbhís a aistríodh isteach. Mar thoradh ar an aistriú agus ar an reachtaíocht bhunúsach lena dtéitear i bhfeidhm ar an gcéanna, is é tuairim dhlíthiúil UCC gur orthu sin a dhéanann cinntí pinsin, seachas ar UCC a thuilleadh, a thiteann na dliteanais uile, lena n-áirítear na hoibleagáidí fabhraithe €82.1m. Dá bhrí sin, d'aithin UCC sócmhainn pinsin iarchurtha chun an dliteanas pinsin iomlán a mheaitseáil. Níl an Roinn Oideachais agus Scileanna ná an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar aon tuairim linn ina leith sin. Mar thoradh air sin, ní aithnítear seirbhís "a aistríodh isteach" nuair a bhíonn ceadú á lorg le haghaidh cnapshuimeanna agus íocaíochtaí pinsin. Mar sin, is é tuairim an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste gur cheart an féichiúnaí pinsin a laghdú faoin tsuim a bhaineann le seirbhís a aistríodh isteach. Dá nglacfadh UCC leis an tuairim sin, is é an toradh a bheadh ar an tsócmhainn pinsin go mbeadh ar UCC na dliteanais amach anseo a chistiú óna acmhainní féin. Mar gheall ar shuim an fhéichiúnaí blianta breise pinsin atá faoi dhíospóid (€15.7m), agus mar gheall ar na caingne leantacha atá ar bun ag iarbhaill foirne in aghaidh na hOllscoile, thionscain an Ollscoil a dlíthíocht féin in aghaidh an Stáit d'fhonn a staid airgeadais a chosaint i leith dliteanais phinsin amach anseo.

***"Scéim Pinsean Choláiste na hOllscoile, Corcaigh, 2005" - ar a dtugtar "Scéim 2005"***

Tá feidhm ag Scéim 2005 maidir le gach ball foirne nua a ceapadh ón 1 Eanáir 2005 i leith. Is Scéim neamhchistithe í, a íoctar ar bhonn íoc-mar-a-théitear trí airgead a sholáthraíonn an Stát don Ollscoil chun na críche sin.

Ar an mbonn go slánóidh an tOireachtas aon easnamh a thiocfaidh aníos chun freastal ar na hoibleagáidí atá ar an Ollscoil sochair phinsin na Scéime Dúnta a íoc, agus ar an mbonn go gcisteofar dliteanais phinsin amach anseo Scéim 2005 ar bhonn íoc-mar-a-théitear trí airgead a sholáthróidh an Stát don Ollscoil chun na críche sin, fritháiríodh an dliteanas pinsin trí shócmhainn atá coibhéiseach le dliteanais phinsin na hOllscoile a aithint, mar chuid den tsócmhainn fhoriomlán cistiúcháin phinsin iarchurtha.

***An Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair***

Is í an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair (an Scéim Aonair) an scéim pinsean sochair shainithe d'fhostaithe inphinsin sa tseirbhís phoiblí a ceapadh an 1 Eanáir 2013 nó i ndiaidh an dáta sin de réir an Achta um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012. Is leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a íocann an Ollscoil na hasbhaintí a thógtar ó fhostaithe faoin Scéim Aonair.

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

De réir I.R. Uimh. 581 de 2012, tá an Ollscoil forordaithe mar údarás iomchuí chun críocha na Scéime Aonair. Bhí 877 mball ghníomhacha den Scéim Aonair ag an Ollscoil ag an 30 Meán Fómhair 2016. Rinneadh soláthar sna ráitis airgeadais seo do na sochair amach anseo a bheidh dlite do bhaill den Scéim amhail an 30 Meán Fómhair 2016. Is é tuairim na hOllscoile (de réir alt 44 d'Acht 2012) go bhfritháireofaí aon dliteanas i leith na Scéime Aonair trí shócmhainn choibhéiseach i leith cistiú Stáit amach anseo a aithint.

Thuairiscigh an Ollscoil glandliteanas pinsin ag an 30 Meán Fómhair 2016 agus 2015 mar seo a leanas:

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Luach reatha na n-oibleagáidí sochair shainithe | (1,658,815) | (1,364,641) |
| Dliteanas pinsin | (1,658,815) | (1,364,641) |

Is mar seo a leanas a bhí an pinsean infhaighte agus an glaneasnamh ag an 30 Meán Fómhair 2016 agus 2015:

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| Pinsean atá infhaighte ó Stát na hÉireann | 1,658,815 | 1,346,641 |
| Glaneasnamh pinsin | - | - |

Déantar sochair phinsin d'fhostaithe áirithe eile de chuid foghnóthas áirithe a íoc trí íocaíochtaí a dhéanamh le scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina mbíonn siad dlite.

Tá ceanglais Alt 28 de FRS 102 glactha ina n-iomláine agus léirítear na gluaiseachtaí seo a leanas sna ráitis airgeadais.

*Gluaiseacht i luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe*

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Luach reatha na hoibleagáide sochair shainithe i dtús na bliana** | (1,364,641) | (1,267,940) |
| Costas seirbhíse reatha | (49,096) | (46,502) |
| Costas úis | (33,808) | (34,542) |
| Sochair a íocadh | 24,627 | 23,738 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe sa phlean | (7,046) | (5,964) |
| Tionchar na n-athruithe ar thoimhdí | (250,209) | (68,268) |
| Tionchar na gcoigeartuithe ó thaithí | 21,358 | 34,837 |
| Luach na hoibleagáide sochair shainithe ag deireadh na bliana | (1,658,815) | (1,364,641) |

*Anailís ar ghluaiseacht sa phinsean infhaighte le linn na bliana*

| | 2016<br>€'000 | 2015<br>€'000 |
|---|---|---|
| **Anailís ar an tsócmhainn cistiúcháin phinsin iarchurtha** | | |
| I dtús na bliana | 1,364,641 | 1,267,940 |
| Ioncam úis | 34,143 | 34,844 |
| Ranníocaíochtaí fostaíochta | 19,753 | 15,968 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe | 7,046 | 5,964 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

| | | |
|---|---|---|
| Ranníocaíochtaí fostaíochta | 19,753 | 15,968 |
| Ranníocaíochtaí ó rannpháirtithe | 7,046 | 5,964 |
| Sochair a íocadh | (24,627) | (23,738) |
| Toradh ar shócmhainní plean | 257,859 | 63,663 |
| **Ag deireadh na bliana** | **1,658,815** | **1,364,641** |

Maidir leis an luacháil dliteanas a úsáideadh don nochtadh seo, tá sí bunaithe ar luacháil achtúireach a rinne achtúire neamhspleách atá cáilithe go gairmiúil ag dáta an chláir chomhardaithe. Is iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun na dliteanais scoir i ndáil leis na scéimeanna pinsean sochair shainithe a ríomh faoi Alt 28 de FRS 102:

| **Toimhdí Airgeadais** | **2016** | **2015** |
|---|---|---|
| Modh luachála | Aonad Réamh-Mheasta | Aonad Réamh-Mheasta |
| Ráta méadaithe i dtuarastail | 3.25% | 3.50% |
| Ráta méadaithe sa phinsean stáit | 1.75% | 2.00% |
| Ráta méadaithe i bpinsin atá á n-íoc | 2.25% | 2.50% |
| Ráta lascaine do dhliteanais scéime | 1.50% | 2.50% |
| Toimhde boilscithe | 1.75% | 2.00% |

Cumasaíonn an meánráta mortlaíochta ualaithe feabhsúcháin ar ionchas saoil le himeacht ama, a fhágann go mbraithfidh ionchas saoil ag an scor ar an mbliain ina slánaíonn an ball aois scoir (65 bliana). Léirítear sa tábla thíos ionchas saoil na mball a shlánaíonn an mheánaois scoir, is é sin, 65 bliana.

Is bunaithe ar tháblaí caighdeánacha mortlaíochta achtúirí atá na toimhdí a bhaineann le fad saoil atá mar bhunús leis na dliteanais phinsin ag dáta an chláir chomhardaithe. Tá na toimhdí coibhéiseach lena bheith ag súil go mairfidh duine 65 bliana d'aois ar feadh roinnt blianta mar seo a leanas:

| | **2016 Blianta F/B** | **2015 Blianta F/B** |
|---|---|---|
| A rachaidh ar scor inniu (ball atá 65 bliana d'aois) | 22.9 / 24.9 | 22.8 / 24.8 |
| A rachaidh ar scor i gceann 25 bliana (ball atá 40 bliain d'aois) | 25.7 / 27.8 | 25.6 / 27.7 |

Is iad seo a leanas na suimeanna a aithnítear sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach i leith dliteanais phinsin:

| | **2016 €'000** | **2015 €'000** |
|---|---|---|
| Suim a chuirtear ar áireamh i gcostais foirne | | |
| Costais seirbhíse reatha | 49,096 | 46,502 |
| Lúide ranníocaíochtaí ón bhfostóir | (19,753) | (15,968) |
| | 29,343 | 30,534 |
| Glantoradh ar scéimeanna pinsean | | |
| Ús ar dhliteanais na scéime pinsean | 33,808 | 34,542 |
| Ioncam úis ar phinsean infhaighte | (34,143) | (34,844) |
| | (335) | (302) |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | (29,008) | (30,232) |
| Cistiú in-aisghabhála i leith chostais phinsin na bliana reatha | | |
| Suimeanna a aithnítear in ioncam cuimsitheach eile | | |
| Tionchar na n-athruithe ar thoimhdí | 250,209 | 68,268 |
| Tionchar na gcoigeartuithe ó thaithí | (21,358) | (34,837) |
| Toradh ar shócmhainní plean | (257,859) | (63,663) |
| | (29,008) | (30,232) |
| Gluaiseacht sa phinsean infhaighte | 29,008 | 30,232 |

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS - ar lean**

**33 Ioncam Iarchurtha**

| | **2016 €'000** | **2015 €'000** |
|---|---|---|
| Deontas stáit a fuarthas | 42,160 | 40,625 |
| Deontas stáit atá infhaighte ón mbliain chuntasaíochta roimhe | 5,963 | 9,665 |
| Deontas stáit a iarchuireadh chuig bliain chuntasaíochta ina dhiaidh seo | (4,841) | (5,963) |
| Deontas stáit de réir na ráiteas airgeadais | 43,282 | 44,327 |

**34 Imeachtaí tar éis dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais**

Cheannaigh an Ollscoil Foras Bainistíochta na hÉireann tar éis dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais. Tabharfar cuntas ar an gceannachán sin sa bhliain airgeadais dar críoch an 30 Meán Fómhair 2017.

**35 Míniú ar an Aistriú chuig FRS 102**

Is é seo an chéad bhliain inar chuir an Ollscoil a ráitis airgeadais i láthair faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 (FRS 102) arna eisiúint ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais agus faoin leagan nuashonraithe den Ráiteas ar Chleachtas Molta (“SORP”) - Cuntasaíocht d’Institiúidí Breisoideachais agus Ardoideachais arna ghlacadh go deonach ag an Ollscoil. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas i mbliain an aistrithe. Ba leis an mbliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015 a bhain na ráitis airgeadais dheireanacha a ullmhaíodh faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn. Dá bhrí sin, ba é an 1 Deireadh Fómhair 2014 an dáta aistrithe chuig FRS 102. Mar thoradh ar FRS 102 a ghlacadh, athraíodh roinnt beartas cuntasaíochta chun an caighdeán nua a chomhlíonadh.

Faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn, ba mar dheontais chaipitil iarchurtha a caitheadh le deontais chaipitil a fuarthas ó fhoinsí neamhrialtais. Amúchadh na deontais chaipitil iarchurtha sin chuig an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach thar shaolré ionchasach na sócmhainne. Faoi FRS 102, aithnítear deontais chaipitil ó fhoinsí neamhrialtais sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Ina theannta sin, aithnítear deontais chaipitil do thalamh agus do shíntiúis sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach nuair a chomhlíontar coinníollacha a bhaineann le feidhmíocht. Bhain an Ollscoil leas as an díolúine idirthréimhseach chun an cúlchiste athluachála a athrangú chuig cúlchistí neamhshrianta, rud a meastar gurb ionann é agus an costas tráth an aistrithe. Chuir an Ollscoil fabhrú do phá saoire ar áireamh ann freisin. Ba faoi chreidiúnaithe a nochtadh deontais chaipitil iarchurtha stáit, agus roinneadh iad ina ndeontais ghearrthéarmacha agus ina ndeontais fhadtéarmacha. Nuashonraíodh míreanna nochta eile ar fud na ráiteas airgeadais. Maidir leis na coigeartuithe atá ábhartha don bhliain 2015, rinneadh breithniú ar na coigeartuithe ar na breiseanna sa bhliain 2015 agus aisiompaíodh an t-amúchadh roimhe a aithníodh do dheontais chaipitil a aithníodh sna cúlchistí tráth an aistrithe.

Is leagtha amach thíos atá an tionchar a bhí ag an aithint ioncaim agus an tionchar iarmhartach a bhí ann ar amúchadh deontais:

**Réiteach na gcúlchistí**

| | **Comhdhlúite** | |
|---|---|---|
| | Ag an 30 Deireadh Fómhair 2015 | Ag an 01 Deireadh Fómhair 2014 |
| | €'000 | €'000 |
| Cúlchistí a tuairiscíodh faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn | (2,073) | 3,855 |
| Coigeartuithe ar chúlchistí mar thoradh ar an aistriú chuig FRS 102 | | |
| 1. An tsuim a aithníodh sna cúlchistí i leith deontas agus conarthaí tríd an tsamhail feidhmíochta a úsáid (deontais chaipitil do thalamh agus síntiúis) | - | 19,252 |
| 2. An tsuim a aithníodh sna cúlchistí i leith deontais chaipitil agus conarthaí a fuarthas i mblianta roimhe inar comhlíonadh oibleagáidí feidhmíochta (foinsí neamhrialtais) | - | 82,989 |
| 3. Scaoileadh an chúlchiste athluachála chuig cúlchistí neamhshrianta ioncaim agus caiteachais | - | 134,203 |

| | | |
|---|---|---|
| 4. An tsuim a aithníodh mar fhabhrú pá saoire | - | (3,519) |
| ***An tionchar ar an Ráiteas Comhdhlúite ar Ioncam Cuimsitheach*** | | |
| 5. Aithint ioncaim ó dheontais chaipitil a fuarthas sa bhliain 2015 tríd an tsamhail feidhmíochta a úsáid. | 757 | - |
| 6. Laghdú in amúchadh deontais a tháinig aníos roimhe sa bhliain 2015. Rinneadh an laghdú mar thoradh ar ioncam ó dheontais chaipitil a aithint tríd an tsamhail feidhmíochta a úsáid tráth an aistrithe. | (2,209) | - |
| Tionchar na gcoigeartuithe idirthréimhseacha sa bhliain 2014 | 232,925 | - |
| Cúlchistí a tuairiscíodh faoi FRS 102 | 229,400 | 236,780 |

| **Réiteach an easnaimh don bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2015** | **€'000** |
|---|---|
| Easnamh don bhliain airgeadais faoin gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn | (5,928) |
| 1. Aithint ioncaim ó dheontais chaipitil tríd an tsamhail feidhmíochta a úsáid | 757 |
| 2. Laghdú in amúchadh deontais a tháinig aníos as ioncam ó dheontais chaipitil a aithint tríd an tsamhail feidhmíochta a úsáid | (2,209) |
| | (7,380) |

**36 Faomhadh na ráiteas airgeadais**

Rinne an Comhlacht Ceannais na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 19/09/2017

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
**Ollscoil na hÉireann, Corcaigh**

**Tuilleadh Faisnéise Airgeadais**
**(Nach gcumhdaítear i dTuarascáil na nIniúchóirí)**

**An Bhliain dar Críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

**Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite don Bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016**
**Ciorclán 13/2014 – Bainistíocht agus Cuntasacht i leith Deontais ó Chistí Státchiste (nach gcumhdaítear i dTuarascáil na nIniúchóirí)**
**Deontais Taighde**

| **Deontóir** | **Roinn/Oifig Rialtais is Maoinitheoir** | **Deontas (Iarchurtha) / atá Dlite an 01/10/15** | **Airgead a fuarthas 2015/16** | **Airgead a tógadh chuig Ioncam 2015/16** | **Deontais Chaipitil Iarchurtha** | **Deontas (Iarchurtha) / atá Dlite an 30/09/16** |
|---|---|---|---|---|---|---|
| An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (1,424) | (1,599) | 3,056 | | 33 |
| Fiontraíocht Éireann | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | (5,166) | (9,459) | 9,362 | | (5,263) |
| An Roinn Sláinte | An Roinn Sláinte | (1,052) | (1,342) | 921 | | (1,473) |
| An tÚdarás um Ard-Oideachas – PRTLI | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | (564) | (413) | 708 | | (269) |
| An Bord Taighde Sláinte | An Roinn Sláinte | (1,101) | (5,113) | 4,033 | | (2,181) |
| Comhairle Taighde na hÉireann | An Roinn Oideachais agus Scileanna | (165) | (4,858) | 3,432 | | (1,591) |
| Fondúireacht Eolaíochta Éireann | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | (18,144) | (39,563) | 32,179 | | (25,528) |
| Teagasc | An Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara | (25) | (1,244) | 1,006 | | (263) |
| Fuinneamh Inmharthana Éireann | An Roinn Cumarsáide, Gníomhaithe ar son na hAeráide agus Comhshaoil | (538) | (366) | 1,057 | | 153 |
| An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta | 331 | (3,907) | 4,499 | | 923 |
| Gníomhaireachtaí Eile Rialtas na hÉireann/Stáit | Ranna Éagsúla | (14,681) | (5,652) | 6,038 | | (14,295) |
| Deontais Taighde Státchiste Iomlána | | (42,529) | (73,516) | 66,291 | | (49,754) |
| Deontais Taighde Neamh-Státchiste Iomlána | | (17,538) | (29,076) | 30,058 | | (16,556) |
| **Iomlán de réir na gCuntas Taighde** | | (60,067) | (102,592) | 96,349 | | (66,310) |
| Coigeartuithe Eile | | | | | | |
| Coigeartuithe ar an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis | | 15,612 | 633 | (1,824) | 4,180 | 18,601 |
| **Deontais agus Conarthaí Taighde de réir na Ráiteas Airgeadais** | | **(44,455)** | **(101,959)** | **94,525** | **4,180** | **(47,709)** |

**Deontais Chaipitil**

Sa bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016, fuair an Ollscoil cistiú deontais €4.4m faoin gClár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal (PRTLI V) agus fuair sí suim €700,000 do chláir chaipitil eile. Déanann UCC tuairisceáin chuig an Údarás um Ard-Oideachas ar bhonn ráithiúil, bunaithe ar an gcaiteachas iarbhír a thabhaítear ar dheontais chaipitil a gcistíonn an tÚdarás iad. Tabhaítear gach caiteachas den sórt sin ar aon dul le téarmaí agus coinníollacha sonracha an deontais chaipitil lena mbaineann. Is ar aon dul leis na téarmaí agus coinníollacha sonracha a leagann an tÚdarás síos a chaitear le gach cistiú a fhaightear ón Údarás um Ard-Oideachas do Dheontais Chaipitil. Tá an caitheamh sin ar aon dul le beartais agus treoirlínte an Rialtais freisin.

**Coláiste na hOllscoile, Corcaigh**
**Ollscoil na hÉireann, Corcaigh**

**Ráiteas cistiúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas agus réiteach an ráitis chistiúcháin**
**(Nach gcumhdaítear i dTuarascáil na nIniúchóirí)**

**An Bhliain dar críoch an 30 Meán Fómhair 2016**

**Réiteach an ráitis chistiúcháin**

**CLÁR ÁBHAR**


| | Leathanach |
|---|---|
| RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ | 46 |
| RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA | 47 - 48 |
| CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS | 49 |
| CLÁR COMHARDAITHE | 50 |
| RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID | 51 |
| NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS | 52 - 60 |
| RÉITEACH RÁITEAS CISTIÚCHÁIN AN ÚDARÁIS UM ARD-OIDEACHAS LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE | 61 |

**RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ**

Ceanglaítear ar an Ollscoil cloí le hAcht na nOllscoileanna, 1997, agus gach cuntas cuí agus iondúil a choinneáil ar an airgead a fhaigheann agus a chaitheann sí i cibé foirm a fhaomhfaidh an tÚdarás um Ard-Oideachas. Agus na cuntais sin á n-ullmhú aici, ceanglaítear ar an Ollscoil:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin atá réasúnta agus stuama a dhéanamh;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh, ach amháin i gcás nach bhfuil sé cuí déanamh amhlaidh.

Tá an Ollscoil freagrach as leabhair chuntais chuí a choimeád, ina nochtar go réasúnta cruinn ag am ar bith staid airgeadais na hOllscoile agus lena gcuirtear ar a cumas a chinntiú go gcloíonn a ráitis airgeadais le hAcht na nOllscoileanna, 1997. Tá an Ollscoil freagrach freisin as gach sócmhainn atá faoina rialú oibríochtúil a chosaint agus, dá bhrí sin, as bearta réasúnta a dhéanamh chun calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Thar ceann na hOllscoile



Uachtarán

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

**1. Ráitis Airgeadais**

Léirítear sna ráitis airgeadais na gníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus seirbhísí gaolmhara de chuid na hOllscoile agus a fochuideachtaí. Cuirtear ráitis airgeadais Chiste Iontaobhais na hOllscoile i láthair ar leithligh agus ní chuirtear iad ar áireamh sna ráitis airgeadais seo.

**2. Coinbhinsiún Cuntasaíochta**

Ullmhaítear na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil. Cuirtear iad i láthair i gcomhréir leis an gcomhaontú reatha um Chomhchuibhiú Ráiteas Airgeadais arna ghlacadh do gach Ollscoil in Éirinn. Rinneadh amhlaidh i ngach cás, ach amháin maidir le Sócmhainní Seasta agus Dímheas, ar ina leith a ghlac Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, na forálacha idirthréimhseacha. Dá réir sin, níl na luachálacha ón 30 Meán Fómhair 1994 á nuashonrú. Níor glacadh FRS 102 agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú.

**3. Deontais Stáit le haghaidh Caiteachas Athfhillteach**

Aithníodh deontais athfhillteacha ar bhonn fabhruithe. Is chuig Sócmhainní Seasta agus chuig an gCúlchiste Ginearálta a aistrítear an deontas athfhillteach a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach agus chun an sciar caipitil de mhuirir léasa a mhaoiniú.

**4. Deontais Stáit le haghaidh Caiteachas Caipitil**

Cuirtear deontais stáit a gceadaíonn an tÚdarás um Ard-Oideachas iad le haghaidh caiteachas caipitil ar áireamh i ráitis airgeadais na bliana, a mhéid a fuarthas an t-airgead lena mbaineann.

**5. Ioncam Táillí**

Is ar bhonn fabhruithe a thugtar cuntas ar ioncam táillí.

**6. Sócmhainní Seasta agus Dímheas**

Déantar talamh, foirgnimh agus trealamh a luacháil bunaithe ar luacháil chuimsitheach a rinneadh an 30 Meán Fómhair 1994. Bhí an luacháil sin bunaithe ar chostas athsholáthair na bhfoirgneamh agus an trealaimh agus ar mhargadhluach na húsáide reatha talún ag an dáta sin. Déantar na sócmhainní sin agus na breiseanna uile ina dhiaidh sin a dhímheas mar atá leagtha amach thíos.

Is de réir costais a luaitear na sócmhainní seasta uile a gnóthaíodh ón 1 Deireadh Fómhair 1994. Is mar seo a leanas atá saolré fhónta ionchasach na sócmhainní seasta ar ina leith a ríomhadh dímheas de réir méid cothrom:

| | |
|---|---|
| Foirgnimh | 50 bliain |
| Trealamh | 5 bliana |
| Trealamh ríomhaire agus trealamh gaolmhar | 3 bliana |

Ní ghearrtar aon dímheas ar thalamh.

Tá na forálacha idirthréimhseacha á leanúint ina leith seo agus, dá réir sin, níl na luachálacha ón 30 Meán Fómhair 1994 á nuashonrú.

**7. Sócmhainní Oidhreachta**

Caipitlítear sócmhainní oidhreachta (déantáin luachmhara a shealbhaítear agus a choinnítear mar gheall ar an rannchuidiú a dhéanann siad leis an eolas agus leis an gcultúr) a bhfuil luach os cionn €0,000 leagtha orthu. Aithnítear iad de réir chostas nó luach an cheannacháin, i gcás gur féidir costas nó luach den sórt sin a fháil go réasúnta. Ní dhéantar Sócmhainní Oidhreachta a dhímheas.

Sealbhaíonn an Ollscoil roinnt sócmhainní oidhreachta eile a ceannaíodh i dtréimhsí cuntasaíochta roimhe. Ní chaipitlítear na sócmhainní sin toisc nach bhfuil faisnéis iontaofa ar fáil faoina gcostas agus toisc nach bhfuil na cineálacha traidisiúnta cur chuige luachála sách iontaofa ina leith.

**8. Stoic**

Ach amháin i gcás trealaimh, troscáin agus feisteas, stoc stáiseanóireachta agus stoc ábhar tógála, ní chuirtear na stoic a shealbhaítear i ranna teagaisc agus seirbhíse ar áireamh sa Chlár Comhardaithe. Maidir leis na míreanna nach gcuirtear ar áireamh ann, cláraítear iad mar chaiteachas agus ní chaipitlítear iad. Maidir leis na stoic a chuirtear ar áireamh sa Chlár Comhardaithe, luaitear iad de réir a gcostais nó de réir a nglanluacha inréadaithe, cibé acu is ísle.

**9. Cúlchiste Ginearálta**

Léirítear sa Chúlchiste Ginearálta luach an chistiúcháin, tar éis amúchadh, a úsáidtear chun críocha caipitil, mar aon leis an iarmhéid ar ghníomhaíochtaí seirbhísí coimhdeacha.

## RÁITEAS AR BHEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA (ar lean)

### 10. Deontais agus Tionscadail Taighde

Déantar an caiteachas taighde ar conradh a léiriú glan ar an ranníocaíocht le costais indíreacha. Cuirtear an t-ioncam ó dheontais taighde ar conradh ar áireamh sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais a mhéid a tabhaíodh an caiteachas lena mbaineann. Is in Ioncam Eile a chuirtear ar áireamh an ranníocaíocht taighde ar conradh le costais indíreacha na hOllscoile. Maidir le Sócmhainní Seasta a mhaoinítear ó dheontais taighde ar conradh, caipitlítear iad sa Chlár Comhardaithe.

### 11. Airgeadra Eachtrach

Déantar costais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú de réir na rátaí malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais atá ainmnithe in airgeadraí eachtracha a aistriú go euro de réir an ráta malairte a bhí i bhfeidhm ag dáta an Chláir Chomhardaithe. Is sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais a chaitear leis an mbrabús nó leis an gcaiteachas a thagann as sin.

### 12. Léasú

Muirearaítear costais léasa oibriúcháin ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais de réir mar a thabhaítear iad.

### 13. Pinsin

D'fheidhmigh an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe le linn na bliana, ba iad sin: an Scéim Dhúnta, an Scéim Eiseamláireach agus an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Tugtar cuntas ar chostais phinsin trí mhuirearú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le pinsin a sholáthar thar an tréimhse ina mbaineann an Ollscoil tairbhe as seirbhísí na bhfostaithe.

Is baill de scéim pinsean nua, ar a dtugtar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, atá i ngach fostaí a chuaigh isteach sa tSeirbhís Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar sochair phinsin d'fhostaithe áirithe eile de chuid foghnóthas áirithe a íoc trí íocaíochtaí a dhéanamh le scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina mbíonn siad dlite.

### 14. Cáin

Ní dhearnadh aon soláthar do chánachas toisc go bhfuil stádas díolmhaithe ó cháin ag an Ollscoil agus ag formhór a fochuideachtaí.

### 15. Seirbhísí Coimhdeacha

Is é atá i Seirbhísí Coimhdeacha ná seirbhísí a sholáthraítear ar an gcampas, ar bhonn aisghabhála costais. Tá sé beartaithe go mbrisfidh siad cothrom sa mheántéarma. Is chuig an gCuntas Cúlchiste Ghinearálta a aistrítear an glantoradh ar ghníomhaíochtaí den sórt sin (gan árais chónaithe mac léinn, saoráidí fóillíochta, an t-áiléar ealaíne agus saoráidí agus seirbhísí do mhic léinn a áireamh).

### 16. Socruithe Maoiniúcháin

Maidir le sócmhainní a shealbhaítear faoi shocruithe maoiniúcháin lena n-aistrítear go suntasach chuig an Ollscoil na rioscaí agus na luachanna saothair uile a ghabhann le húinéireacht, caitear leo amhail is dá gceannófaí glan amach iad. Cuirtear iad ar áireamh mar shócmhainní inláimhsithe agus de réir costais sa chlár comhardaithe. Is mar dhliteanais a léirítear na ceangaltais chomhfhreagracha.

## CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS

**Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2016**

| | Nótaí | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontais Stáit | 1 | 43,027 | 43,811 |
| Táillí Mac Léinn | 2 | 133,305 | 124,489 |
| Ioncam Eile | 3 | 34,538 | 35,938 |
| | | 210,870 | 204,238 |
| Deontais agus Tionscadail Taighde | 4 | 82,169 | 77,683 |
| Iomlán | | 293,039 | 281,921 |
| **Caiteachas** | | | |
| Dámha agus Ranna Acadúla | 5 | 127,971 | 127,237 |
| Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile | 6 | 17,661 | 17,348 |
| Áitreabh | 7 | 20,694 | 20,302 |
| Suim a Leithdháileadh chun Críocha Caipitil | 8 | 7,544 | 7,116 |
| Riarachán Láir agus Seirbhísí | 9 | 19,592 | 17,544 |
| Caiteachas Ginearálta Oideachais | 10 | 5,231 | 4,889 |
| Seirbhísí do Mhic Léinn | 11 | 6,338 | 6,375 |
| Caiteachas Ilghnéitheach | 12 | 3,501 | 3,584 |
| | | 208,532 | 204,395 |
| Deontais agus Tionscadail Taighde | | 82,169 | 77,683 |
| Iomlán | 13 | 290,701 | 282,078 |
| **Easnamh ar Ghníomhaíochtaí roimh Amúchadh Cúlchistí agus Deontas Caipitil, Seirbhísí Coimhdeacha agus Dímheas Sócmhainní Seasta** | | 2,338 | (157) |
| Easnamh ar Sheirbhísí Coimhdeacha | 14 | (3,147) | (3,842) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 15 | (20,880) | (20,078) |
| Gluaiseacht sa Chúlchiste Ginearálta | 16 | 22,035 | 22,859 |
| Barrachas/(Easnamh) don Bhliain | 22 | 346 | (1,218) |
| Cúlchistí Ioncaim i dTús na Bliana | 21 | (4,581) | (3,363) |
| Cúlchistí Ioncaim ag Deireadh na Bliana | 21 | (4,235) | (4,581) |

*Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí ó leathanach 46 go leathanach 60 mar chuid de na Cuntais seo.*

Sínithe:

Oifigeach Cuntasaíochta/Uachtarán

Cisteoir Oinigh

## CLÁR COMHARDAITHE

**Amhail an 30 Meán Fómhair 2016**


| | **Nótaí** | **2015/2016 €' 000** | **2014/2015 €'000** |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | 17 | 585,180 | 582,632 |
| | | | |
| **Sócmhainní Reatha** | | | |
| Iarmhéideanna bainc agus airgead | | 49,116 | 49,495 |
| Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 18 | 9,402 | 11,539 |
| Stoic | | 685 | 647 |
| | | 59,203 | 61,681 |
| | | | |
| **Dliteanais Reatha** | | | |
| Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe | 19 | (150,146) | (147,291) |
| | | (150,146) | (147,291) |
| | | | |
| **Glandliteanais Reatha** | | (90,943) | (85,610) |
| **Iasachtaí Fadtéarmacha** | | (58,818) | (57,901) |
| | | 435,419 | 439,121 |
| | | | |
| **Ionadaithe ag:** | | | |
| Cúlchiste Ginearálta | 20 | 439,654 | 443,702 |
| Cúlchistí Ioncaim | 21 | (4,235) | (4,581) |
| | | 435,419 | 439,121 |

*Tá an Ráiteas ar Bheartais Chuntasaíochta, an Ráiteas ar Shreabhadh Airgid agus na nótaí ó leathanach 46 go leathanach 60 mar chuid de na Cuntais seo.*

Sínithe:



Oifigeach Cuntasaíochta/Uachtarán



Cisteoir Oinigh

## RÁITEAS AR SHREABHADH AIRGID

### Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Nótaí | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin** | 22 | 6,687 | 5,242 |
| **Torthaí ar Infheistíochtaí agus Fónamh Airgeadais** | | | |
| Ús a Íocadh | | (379) | (304) |
| Ús a Fuarthas | | 147 | 193 |
| **Caiteachas Caipitil** | | | |
| Íocaíochtaí chun Sócmhainní Seasta Inláimhsithe a Fháil | | (23,854) | (46,480) |
| **Eis-Sreabhadh Glan Airgid roimh Mhaoiniú** | | (17,399) | (41,349) |
| **Maoiniú** | | | |
| Deontais Chaipitil ón Údarás um Ard-Oideachas | | 4,501 | 3,157 |
| Deontais Chaipitil ó fhoinsí eile seachas an tÚdarás um Ard-Oideachas | | 11,602 | 8,701 |
| Méadú in Iasachtaí Fadtéarmacha | | 917 | 10,838 |
| Fáltais ó Dhiúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | - | 2 |
| **Insreabhadh Airgid ó Mhaoiniú** | | 17,020 | 22,698 |
| **Eis-Sreabhadh Glan Airgid tar éis Maoiniú** | | (379) | (18,651) |
| **Laghdú in Airgead** | 23 | (379) | (18,651) |

## NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

**Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2016**

| | 2015/2016 | 2014/2015 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| **1. Deontais Stáit** | | |
| Deontas Athfhillteach | 32,772 | 33,489 |
| Deontas Altranais | 2,355 | 2,426 |
| Cistiú Spriocdhírithe do Thionscnaimh Speisialta | 3,535 | 3,412 |
| Mionoibreacha | 146 | 146 |
| Athchóirithe san Oideachas Leighis | 1,273 | 840 |
| Clár Scileanna Iarchéime | 946 | 1,498 |
| Cistiú don Scoil Fiaclóireachta | 2,000 | 2,000 |
| Iomlán | 43,027 | 43,811 |

**2. Táillí Mac Léinn**

| | 2015/2016 | 2014/2015 |
|---|---|---|
| Acadúil | 133,305 | 124,489 |
| Iomlán | 133,305 | 124,489 |

**3. Ioncam Eile**

| | 2015/2016 | 2014/2015 |
|---|---|---|
| Ioncam Úis | 147 | 193 |
| Poist Chistithe agus Síntiúis | 947 | 1,247 |
| Cíos, Lamháltais agus Muirir Eile | 1,988 | 1,718 |
| Ranníocaíochtaí le Deontais agus Tionscadail Taighde | 14,181 | 12,137 |
| Ioncam Ilghnéitheach | 17,275 | 20,643 |
| Iomlán | 34,538 | 35,938 |

**4. Deontais agus Tionscadail Taighde**

| | 2015/2016 | 2014/2015 |
|---|---|---|
| Deontais Taighde | 82,169 | 77,683 |
| Iomlán | 82,169 | 77,683 |

## NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

### Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Costais Foirne €'000 | Neamhphá €'000 | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **5. Dámha agus Ranna Acadúla** | | | | |
| Acadúil | 77,357 | | 77,357 | 76,715 |
| Teicniúil | 11,637 | | 11,637 | 11,743 |
| Tacaíocht Riaracháin | 16,356 | | 16,356 | 15,944 |
| Deontais Roinne | | 22,485 | 22,485 | 22,708 |
| Speansais Ilghnéitheacha | | 136 | 136 | 127 |
| Iomlán | 105,350 | 22,621 | 127,971 | 127,237 |
| **6. Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Eile** | | | | |
| Costais Leabharlainne | 3,955 | 2,040 | 5,995 | 5,817 |
| Ríomhairí/Teicneolaíocht Faisnéise | 3,098 | 2,109 | 5,207 | 5,094 |
| An Teanglann | 875 | 266 | 1,141 | 1,148 |
| Cló Ollscoile Chorcaí | 141 | 327 | 468 | 414 |
| An tIonad Closamhairc | 663 | 157 | 820 | 908 |
| An tAonad Forbartha Teagaisc | 205 | 27 | 232 | 207 |
| Gaeilge Labhartha/ó Bhéal | 597 | 1 | 598 | 599 |
| An tAonad Seirbhísí Bitheolaíocha | 459 | 226 | 685 | 711 |
| Teagasc agus Foghlaim | 746 | 223 | 969 | 806 |
| An Oifig Tacaíochta Taighde/Aistrithe Teicneolaíochta | 990 | 556 | 1,546 | 1,644 |
| Iomlán | 11,729 | 5,932 | 17,661 | 17,348 |
| **7. Áitreabh** | | | | |
| Cothabháil Áitribh | 3,758 | 4,751 | 8,509 | 8,024 |
| Seirbhísí Ginearálta | 3,178 | 3,257 | 6,435 | 6,413 |
| An Oifig um Chosaint Radaíochta | 91 | 5 | 96 | 100 |
| Cíos agus Rátaí | | 595 | 595 | 619 |
| Árachas | | 1,173 | 1,173 | 997 |
| Costais Fuinnimh | - | 3,886 | 3,886 | 4,149 |
| Iomlán | **7,027** | **13,667** | **20,694** | **20,302** |
| **8. Suim a Leithdháileadh chun Críocha Caipitil** | | | | |
| Tionscadail Chaipitil | | | 6,949 | 6,282 |
| Trealamh | | | 595 | 834 |
| Iomlán | | | **7,544** | **7,116** |

| | | Costais Foirne €'000 | Neamhphá €'000 | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| **9.** | **Riarachán Láir agus Seirbhísí** | | | | |
| | Riarachán | 13,018 | | 13,018 | 12,387 |
| | Speansais | | 1,311 | 1,311 | 1,434 |
| | Muirir Ghairmiúla | | 3,716 | 3,716 | 2,444 |
| | Ilghnéitheach | | 1,547 | 1,547 | 1,279 |
| | Iomlán | 13,018 | 6,574 | 19,592 | 17,544 |
| **10.** | **Caiteachas Ginearálta Oideachais** | | | | |
| | Speansais Scrúdaithe | 853 | 236 | 1,089 | 1,247 |
| | Scoláireachtaí agus Duaiseanna | | 2,842 | 2,842 | 2,410 |
| | Caipitíocht Ollscoil na hÉireann | | 420 | 420 | 415 |
| | Speansais Ilghnéitheacha | 492 | 388 | 880 | 817 |
| | Iomlán | 1,345 | 3,886 | 5,231 | 4,889 |
| **11.** | **Seirbhísí do Mhic Léinn** | | | | |
| | Caipitíocht agus Deontais Eile | | 983 | 983 | 1,054 |
| | Seirbhísí do Mhic Léinn | 465 | 145 | 610 | 746 |
| | An Oifig Gairmeacha | 791 | 66 | 857 | 745 |
| | Spórt agus Caitheamh Aimsire | 876 | 176 | 1,052 | 970 |
| | Sláinte agus Comhairleoireacht | 2,245 | 591 | 2,836 | 2,860 |
| | Iomlán | 4,377 | 1,961 | 6,338 | 6,375 |
| **12.** | **Caiteachas Ilghnéitheach** | | | | |
| | Pinsin | 2,770 | | 2,770 | 2,922 |
| | Speansais Ilghnéitheacha | | 352 | 352 | 358 |
| | Ús Bainc Iníoctha | - | 379 | 379 | 304 |
| | Iomlán | 2,770 | 731 | 3,501 | 3,584 |
| **13.** | **Comhdhéanamh an Chaiteachais Iomláin** | | | | |
| | Seirbhísí Acadúla agus Seirbhísí Gaolmhara | 145,616 | 62,916 | 208,532 | 204,395 |
| | Deontais agus Tionscadail Taighde | 61,281 | 20,888 | 82,169 | 77,683 |
| | Caiteachas Iomlán | 206,897 | 83,804 | 290,701 | 282,078 |

## NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

### Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Ioncam €'000 | Caiteachas €'000 | Barrachas/(Easnamh) 2015/2016 €'000 | Barrachas/(Easnamh) 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|---|---|
| **14. Seirbhísí Coimhdeacha - Achoimre** | | | | |
| Áiléar Ealaíne | 219 | 504 | (285) | (223) |
| Saoráidí Fóillíochta | 2,734 | 4,129 | (1,395) | (1,448) |
| Árais Chónaithe Mac Léinn | 7,726 | 5,310 | 2,416 | 2,371 |
| Student Facilities & Services (UCC) Ltd | 3,383 | 4,174 | (791) | (573) |
| Acadamh UCC | 167 | 2,104 | (1,937) | (1,188) |
| Saoráidí Leighis/Fiaclóireachta agus Saoráidí Eile Cuntas Forbartha | 40 | 1,195 | (1,155) | (2,781) |
| Easnamh - Seirbhísí Coimhdeacha | 14,209 | 17,416 | (3,147) | (3,842) |

**15. Dímheas Sócmhainní Seasta**

| | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 14,266 | 14,132 |
| Trealamh | 6,614 | 5,946 |
| | 20,880 | 20,078 |

**16. Gluaiseacht sna Cúlchistí Ginearálta agus Srianta**

| | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|
| Amúchadh an Chúlchiste Ghinearálta de réir Dímheasa | 20,880 | 20,078 |
| Ioncam agus Caiteachas chuig an gCuntas Cúlchiste Ghinearálta | 1,155 | 2,781 |
| | 22,035 | 22,859 |

# NÓTAÍ LEIS NA CUNTAIS

## Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2016

| | Talamh agus Foirgnimh (sócmhainní oidhreachta san áireamh) | Trealamh | 2015/2016 | 2014/2015 |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| **Sócmhainní Seasta** | | | | |
| **Costas/Luacháil ag an 1 Deireadh Fómhair** | | | | |
| Luacháil | 125,1984 | 8,219 | 134,203 | 134,203 |
| Costas | 612,603 | 195,031 | 807,634 | 761,236 |
| Iomlán | 738,587 | 203,250 | 941,837 | 895,439 |
| Breiseanna de réir Costais | 15,807 | 8,047 | 23,854 | 46,480 |
| Diúscairtí | (788) | (62) | (850) | (82) |
| **Costas/Luacháil ag an 30 Meán Fómhair** | | | | |
| Luacháil | 125,196 | 8,219 | 133,415 | 134,203 |
| Costas | 628,410 | 203,016 | 831,426 | 807,634 |
| Iomlán | 753,606 | 211,235 | 964,841 | 941,837 |
| **Dímheas ag an 1 Deireadh Fómhair** | 168,114 | 191,091 | 359,205 | 339,209 |
| Lúide dímheas carntha ar dhiúscairtí | (362) | (62) | (424) | (82) |
| Dímheas don Bhliain | 14,336 | 6,614 | 20,880 | 20,078 |
| **Dímheas ag an 30 Meán Fómhair** | 182,018 | 197,643 | 379,661 | 359,205 |
| **Glanluach leabhar i dtús na bliana** | 570,473 | 12,159 | 582,632 | 556,230 |
| **Glanluach leabhar ag deireadh na bliana** | 571,588 | 13,592 | 585,180 | 587,632 |

*Cuirtear sócmhainní seasta agus dliteanais ghaolmhara ar áireamh i gclár comhardaithe na hOllscoile, cé go bhfuil teideal dlí na sócmhainní sin in ainm na n-infheisteoirí agus nach bhfuil siad faoi rialú ag UCC. Is le UCC a ghabhann na príomhthairbhí agus na príomhrioscaí eacnamaíocha a bhaineann leis na sócmhainní sin agus is le UCC freisin an teideal dlí ar deireadh.*

*Ar áireamh sna nithe thuas atá sócmhainní a mheastar a bheith coinnithe chun críocha oidhreachta. Cé gur foirgnimh atá i bhformhór na sócmhainní sin, tá roinnt lámhscríbhinní ina measc freisin. Is leis an Ollscoil freisin líon suntasach saothar ealaíne, lena n-áirítear pictiúir, airgead, dealbha agus lámhscríbhinní ríluachmhara. Ní chuirtear na saothair ealaíne sin ar áireamh sa chlár comhardaithe mar go meastar nach féidir aon luach fiúntach a thabhairt dóibh, cé go bhfuil luachanna móra d'árachas orthu. Cheannaigh an Ollscoil sócmhainní oidhreachta ar chostas €92,000 sa bhliain airgeadais reatha.*

**Bliain go dtí an 30 Meán Fómhair 2016**

| | | 2015/2016 | 2014/2015 |
|---|---|---|---|
| | | €'000 | €'000 |
| **18.** | **Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí** | | |
| | Féichiúnaithe eile agus réamhíocaíochtaí | 9,402 | 11,539 |
| | | 9,402 | 11,539 |
| **19.** | **Creidiúnaithe agus Caiteachas Fabhraithe** | | |
| | Deontais Taighde ar Conradh agus Airgead Tionscadail nár caitheadh | 66,310 | 60,067 |
| | Deontas stáit le haghaidh Caiteachas Athfhillteach a fuarthas roimh ré | 4,400 | 5,266 |
| | Táillí acadúla a fuarthas roimh ré | 37,420 | 33,900 |
| | Creidiúnaithe Eile agus Fabhruithe | 42,016 | 48,058 |
| | | 150,146 | 147,291 |

**20. Cúlchiste Ginearálta**

| | Iarmhéid Tosaigh | Gluaiseacht sa Bhliain Reatha | Iarmhéid Deiridh | Gluaiseacht sa Bhliain Roimhe |
|---|---|---|---|---|
| | €'000 | €'000 | €'000 | €'000 |
| Luacháil - Sócmhainní Seasta | 134,203 | (788) | 133,415 | - |
| Deontais Chaipitil Stáit | 334,316 | 5,193 | 339,509 | 5,963 |
| Aistriú an Chistiúcháin Athfhilltigh | 78,600 | 7,545 | 86,145 | 7,116 |
| Síntiúis Chaipitil | 151,416 | 5 | 151,421 | 378 |
| Eile | 104 981 | 4,515 | 109,496 | 1,182 |
| | 803,516 | 16,470 | 819,986 | 14,639 |
| **Diúscairtí** | - | (62) | (62) | (82) |
| **Amúchadh** | | | | |
| Amúchadh i dTús na Bliana | (359,814) | | | |
| Lúide Amúchadh ar Dhiúscairt | | 424 | | 82 |
| Amúchadh chuig an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain | | (20,880) | | (20,078) |
| Amúchadh ag Deireadh na Bliana | | | (380,270) | |
| | 443,702 | (4,048) | 439,654 | (5,439) |

| | | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **21.** | **Cúlchistí Ioncaim** | | |
| | Iarmhéid Tosaigh | (4,581) | (3,363) |
| | Barrachas/(easnamh) don bhliain | 346 | (1,218) |
| | Iarmhéid Deiridh | (4,235) | (4,581) |

**22. Sreabhadh Airgid**
**Réiteach Bharrachas/(Easnamh) an Chuntais Ioncaim agus Caiteachais le hInsreabhadh Glan Airgid/(Eis-Sreabhadh Glan Airgid) ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin**

| | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|
| Barrachas/(easnamh) don bhliain | 346 | (1,218) |
| Ús a Fuarthas | (147) | (193) |
| Ús a Íocadh | 379 | 304 |
| | 578 | (1,107) |
| Brabús ar dhiúscairt Sócmhainní Seasta | | (2) |
| Dímheas Sócmhainní Seasta | 20,880 | 20,078 |
| Amúchadh an Chúlchiste Ghinearálta | (20,880) | (20,078) |
| Laghdú/(Méadú) i bhFéichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí | 2,137 | (5,288) |
| (Méadú)/Laghdú i Stoic | (38) | (161) |
| (Méadú)/Laghdú i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe | 2,855 | 9,019 |
| Gluaiseacht i Seirbhísí Coimhdeacha | 1,155 | 2,781 |
| Insreabhadh Glan Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin | 6,687 | 5,242 |

| | | 2015/2016 €'000 | 2014/2015 €'000 |
|---|---|---|---|
| **23.** | **Anailís ar an Athrú ar Airgead agus ar Choibhéisí Airgid** | | |
| | Iarmhéid ag an 1 Deireadh Fómhair | 49,495 | 68,146 |
| | Eis-Sreabhadh Glan Airgid | (379) | (18,651) |
| | Iarmhéid ag an 30 Meán Fómhair | 49,116 | 49,495 |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **24.** | **Ceangaltais Chaipitil** | | |
| | Ceangaltais a raibh conradh déanta dóibh ag an 30 Meán Fómhair | 7,021 | 5,048 |
| | Ceangaltais a bhí údaraithe agus nach raibh conradh déanta dóibh ag an 30 Meán Fómhair | 36,539 | 12,450 |
| | | 43,560 | 17,498 |

**25. Ceangaltais agus Teagmhais**

Bíonn an Ollscoil ina páirtí in imeachtaí dlíthiúla éagsúla ó am go chéile. Déantar soláthar do na cásanna sin sna ráitis airgeadais seo, cibé áit a bhfuil sé indéanta ag an am seo meastachán iontaofa a thabhairt ar an tionchar airgeadais (más ann dó) a bheidh acu.

## 26. Pinsin

D’fheidhmigh an Ollscoil trí scéim pinsean sochair shainithe le linn na bliana, ba iad sin: an Scéim Dhúnta, an Scéim Eiseamláireach agus an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair. Tugtar cuntas ar chostais phinsin trí mhuirearú a dhéanamh ar an gcostas a bhaineann le pinsin a sholáthar thar an tréimhse ina mbaineann an Ollscoil tairbhe as seirbhísí na bhfostaithe.

Is baill de scéim pinsean nua, ar a dtugtar an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair, atá i ngach fostaí a chuaigh isteach sa tSeirbhís Phoiblí den chéad uair an 1 Eanáir 2013 nó ina dhiaidh. Íoctar ranníocaíochtaí na mball den Scéim Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Déantar sochair phinsin d’fhostaithe áirithe eile de chuid foghnóthas áirithe a íoc trí íocaíochtaí a dhéanamh le scéim pinsean ranníocaíochta sainithe. Muirearaítear ranníocaíochtaí ar an gcuntas ioncaim agus caiteachais sa bhliain ina mbíonn siad dlite.

Is iad achtúirí comhairleacha a rinne an luacháil achtúireach is déanaí agus thug siad tuairisc uirthi i mí na Bealtaine 2017.

## 27. Cuntas Rialaithe Pinsin

| | 2015/16 Scéim Dhúnta €'000 | 2015/16 Scéim Eiseamláireach €'000 | 2015/16 Scéim Eiseamláireach* €'000 | 2015/16 Scéim Aonair €'000 | 2015/16 Iomlán €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | (41,102) | 30,205 | 8,252 | 4,493 | 1,848 |
| ***Ioncam*** | | | | | |
| Ranníocaíochtaí a fuarthas ón bhfostóir | 7,515 | 2,803 | 1,973 | 3,693 | 15,984 |
| Ranníocaíochtaí a fuarthas ó fhostaithe | 2,842 | 1,837 | 538 | 1,247 | 6,464 |
| Aistrithe pinsin isteach (airgead a fuarthas) | 2 | - | - | - | 2 |
| Ioncam forlíonta | 2,769 | - | - | - | 2,769 |
| Cistiú ó HEA – Costais Bhreise Phinsin | 1,000 | - | - | - | 1,000 |
| Ioncam i leith ceannach blianta breise | 494 | 83 | 5 | - | 582 |
| **Ioncam Iomlán** | 14,622 | 4,723 | 2,516 | 4,940 | 26,801 |
| ***Caiteachas*** | | | | | |
| Pinsin atá á n-íoc (forlíonadh san áireamh) | 21,987 | 113 | 13 | - | 22,113 |
| Íocaíochtaí cnapshuime tráth an scoir | 2,047 | 163 | - | - | 2,210 |
| Íocaíochtaí i leith bás le linn seirbhíse | - | 28 | - | - | 28 |
| Aisíocaíochtaí ranníocaíochtaí | - | 6 | - | 272 | 278 |
| Ranníocaíochtaí ó fhostaithe a íocadh ar aghaidh | - | - | - | 981 | 981 |
| Riarachán agus costais eile | 542 | 292 | 67 | 28 | 929 |
| **Caiteachas Iomlán** | 24,576 | 602 | 80 | 1,281 | 26,539 |
| (Easnamh)/Barrachas | (51,056) | 34,326 | 10,688 | 8,152 | 2,110 |
| Deontas atá infhaighte ó HEA/(iníoctha le HEA) | 51,056 | (34,326) | (10,688) | (8,152) | (2,110) |

Is i gCreidiúnaithe agus Fabhruithe (Nóta 19) a chuirtear ar áireamh an glandeontas €2.1m atá iníoctha leis an Údarás um Ard-Oideachas (HEA).

*Tá an Ráta Nua ECF cothrom le 20%

**28. Idirbhearta Páirtithe Gaolmhara**

Rinneadh gníomhaíochtaí na bhfochuideachtaí seo a leanas, atá faoi lánúinéireacht na hOllscoile, a chomhdhlúthú le Cuntas Ioncaim agus Caiteachais agus Clár Comhardaithe Choláiste na hOllscoile, Corcaigh:

Property Management (UCC) DAC
Campus Accommodation (UCC) DAC
Student Facilities & Services (UCC) DAC
Biosciences (UCC) DAC
Mardyke Leisure (UCC) DAC
Art Gallery (UCC) DAC
Tenton DAC
UCC Academy DAC

**29. Faomhadh na ráiteas airgeadais**

Rinne an Comhlacht Ceannais na ráitis airgeadais a fhaomhadh an 19/09/2017.

**RÉITEACH RÁITEAS CISTIÚCHÁIN AN ÚDARÁIS UM ARD-OIDEACHAS LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS CHOMHDHLÚITE**

**AN BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 30 MEÁN FÓMHAIR 2016**

| | Ráitis airgeadais chomhdhlúite | Ciste Iontaobhais | Coigeartuithe ar an gcleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis | Ráiteas cistiúcháin an Údaráis um Ard-Oideachas |
|---|---|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** | **€'000** | **€'000** |
| **IONCAM** | | | | |
| Deontais stáit | 43,282 | - | (255) | 43,027 |
| Táillí acadúla | 133,976 | - | (671) | 133,305 |
| Deontais agus conarthaí taighde | 94,525 | - | (12,356) | 82,169 |
| Amúchadh deontas caipitil stáit | 9,245 | - | 11,635 | 20,880 |
| Ioncam oibriúcháin eile | 34,492 | - | 14,119 | 48,611 |
| Ioncam úis | 156 | - | - | 156 |
| Ioncam infheistíochta | 249 | (249) | - | - |
| Síntiúis | 781 | (781) | - | - |
| Gnóthachan ar infheistíochtaí | 619 | (619) | - | - |
| Glanchistiú iarchurtha le haghaidh pinsean | 29,008 | - | (29,008) | - |
| Glantoradh ar scéimeanna pinsean | 335 | - | (335) | - |
| Ioncam iomlán | 346,668 | (1,649) | (16,871) | 328,148 |
| Caiteachas iomlán | 346,106 | (275) | (18,029) | 327,802 |
| (Easnamh)/barrachas don bhliain | **562** | **(1,374)** | **1,158** | **346** |

Rinneadh gnéithe den chaiteachas Caipitil agus den chaiteachas Athfhillteach araon a thuairiscítear sna Ráitis Airgeadais Chomhdhlúite seo a chistiú faoi cheann amháin nó níos mó de na cláir seo a leanas a riarann an tÚdarás um Ard-Oideachas iad:

**Infheistíocht a Dhéanamh i do Thodhchaí**

**An Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal**

**(PRTLI)**

Déanann Rialtas na hÉireann agus an tAontas Eorpach an Clár um Thaighde in Institiúidí Tríú Leibhéal a chomhchistiú faoi Chlár Cistí Struchtúracha an Aontais Eorpaigh-na hÉireann 2007 – 2013.